**2015**
# Ag cur sláinte phoiblí agus folláine chun cinn trí shábháilteacht bia agus nósanna sláintiúla itheacháin a chur chun cinn ar oileán na hÉireann.

## Tuarascáil bhliantúil 2015

**Clár**


| | |
|---|---|
| Ráiteas an Phríomhfheidhmeannaigh | **3** |
| Taighde | **4** |
| Líonraí | **10** |
| Oideachas | **16** |
| Imeachtaí | **18** |
| Feachtais | **22** |
| Oibríochtaí Corparáideacha | **26** |
| Ráitis Airgeadais | **29** |

## 2015 in aon amharc amháin

**Taighde**

Dírítear an cur chun cinn a dhéanann *safe*food ar shábháilteacht bia, cothú agus nósanna sláintiúla itheacháin ar an slabhra iomlán bia agus is amhlaidh, dá réir, i gcás ár dtaighde.

**Líonraí**

Rinne líonraí *safe*food timpeallachtaí dinimiciúla agus tairbhiúla chun eolas a mhalartú chun leas frithpháirteach geallsealbhóirí.

**Oideachas**

D'oibrigh *safe*food le geallsealbhóirí agus comhpháirtithe chun acmhainní nua a fhorbairt d'aoisghrúpaí éagsúla ar oileán na hÉireann.

**Imeachtaí**

Chabhraigh imeachtaí *safe*food chun eolas a chomhroinnt idir gairmithe agus cuireadh chun cinn dá réir teachtaireachtaí sábháilteacht bia, sláinteachas bia agus teachtaireachtaí cothaithe do thomhaltóirí.

**Feachtais**

Déanann *safe*food croí-theachtaireachtaí na heagraíochta a chur chun cinn do thomhaltóirí i bhfeachtais chomhtháite cumarsáide.

**Oibríochtaí Corparáideacha**

Tá ról tábhachtach tacaíochta ag an Stiúrthóireacht Oibríochtaí Corparáideacha i dtaca le cláir agus gníomhaíochtaí a chur ar fáil ar fud na heagraíochta.

# Ráiteas an Phríomhfheidhmeannaigh

Ba eiseamláir é an bhliain seo caite ag *safe*food den síor-athrú atá ag teacht ar ár gcuid oibre chun sláinte an phobail ar oileán na hÉireann a fheabhsú de réir mar is gá chun riachtanais tomhaltóirí, riachtanais atá ag athrú de shíor, agus riachtanais na timpeallacht bia a chomhlánú, agus mar a chabhraíonn ár gcuid oibre le geallsealbhóirí i ngach cuid den speictream sláinte poiblí linn tionchar ár gcuid oibre a uasmhéadú.

Tá ról feachtasach againn ó thaobh dul i ngleic le ceisteanna sláinte poiblí ar nós an mhurtaill i measc leanaí agus as sin tá díospóireachta bheoga curtha sa siúl agus ag an am céanna tugtar comhairle phraiticiúil do thuismitheoirí ar an tslí le nósanna laethúla a athrú chun an fhadhb a réiteach i bhfianaise páiste amháin as gach ceathrar a bheith murtallach nó róthrom anois. Trí fheachtas nua sábháílteachta bia a fhorbairt, táimid ag díriú go gníomhach ar na grúpaí leochaileacha sa tsochaí is mó atá i mbaol ó nimhiú ó bhia teaghlaigh. Seoladh ár bhfeachtas nuálach aigéad fólach i mbliana, a dhíríonn ar na meáin shóisialta agus dhigiteacha amháin agus táthar ag fáil toradh dearfach air i bhfoirm athruithe ar iompar agus feasacht i measc na mban.

Trí dhul i mbun oibre le geallsealbhóirí éagsúla ar fud an oileáin, d'éirigh le *safe*food comhpháirtíochtaí a neartú agus eolas mórluachmhar a chomhroinnt – cuireann ár bhFóram Murtaill Uile-Oileáin dearcadh úr ar an murtall ar fail agus tugann le chéile na hearnálacha saorálaithe, léinn, tionscail agus rialtais in aon áit amháin. Tá an fás leanúnach atá ag teacht ar ár Líonraí Eolais ag cothú naisc fhadtéarmacha i measc daoine a oibríonn i ngach nasc inár slabhra bia. Tríd an gcomhoibriú sin a neartú, táimid ag féachaint ar cheisteanna móra atá ag teacht chun cinn, m.sh. calaois bia, feasacht ar ailléirge do sholáthraithe réamhscoile agus caighdeáin chothaithe i mbia scoile.

Tá clár leanúnach taighde ardchaighdeáin againn trína líontar na bearnaí eolais do dhaoine agus do lucht beartais ar thopaicí sa raon ón bhfíorchostas ar chiseán sláintiúil bia do dhaoine ar ioncam íseal go dtí an tslí a mhargaítear bianna do leanaí réamhscoile. Is ábhar mórtais dúinn uile ag *safe*food an obair a dhéantar le tioncnaimh Bia Pobail i gceantair faoi mhíbhuntáiste. Trí infheistíocht airgeadais

agus ghairmiúil, táimid ag cabhrú le grúpaí ia pobail dúshraith a leagan síos do chláir itheacháin sláintiúla a d'fhéadfadh athrú a dhéanamh ar shaol daoine agus feabhas a chur ar thorthaí sláinte san fhadtéarma.

Táimid ag obair i gcónaí ar fheidhmchlár cailliúna meáchain a fhorbairt d'fhóin chliste a léiríonn an t-athrú atá ag teacht ar chumarsáid sláinte agus an tionchar ginearálta atá ag an teicneolaíochta, na meáin dhigiteacha agus shóisialta ar shaol ár bhformhór. Gné ar leith dár gcuid oibre i mbliana ab ea a bheith chun tosaigh ó thaobh cainéil dhigiteacha a úsáid chun athrú ar iompar sláinte a chur chun sinn i measc an phobail.

Thar ceann Bhord Comhairleach ***safe*food** agus mo chomhghleacaithe, ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil leis na daoine, na geallsealbhóirí agus na heagraíochtaí a d'oibrigh linn chun díriú ar na dúshláin sin. Táimid ag tnúth le leanúint leis an gcur chuige comhpháirtíochta seo.

Ray Dolan
Príomhfheidhmeannach

# Taighde

## dírítear an cur chun cinn a dhéanann *safe*food ar shábháilteacht bia, cothú agus nósanna sláintiúla itheacháin ar an slabhra iomlán bia agus is amhlaidh, dá réir, i gcás ár dtaighde.

114 - Choimisiúnaigh ***safe*food** 114 tionscadal taighde ó 2000 agus tugadh naoi gcinn díobh chun críche i 2015.

1 - Sheol ***safe*food** a chéad phunann taighde ar líne i 2015.

7 - Chlúdaigh na seacht dtuarascáil taighde a d'fhoilsigh ***safe*food** i 2015 sábháilteacht bia agus nósanna sláintiúla itheacháin.

10 - Coimisiúnaíodh 16 cinn de thionscadail taighde i 2015, le taighdeoirí ó dheich gcinn d'institiúidí tríú leibhéal agus taighde.

Is é príomhfheidhm ***safe*food** 'glacadh ginearálta a chur chun cinn gur freagracht i bpáirt é idir táirgeoirí, próiseálaithe, dáileoirí ar gach leibhéal, lónadóirí agus leis an bpobal i gcoitinne bia sábháilte a sholáthar.' Chuige sin, cuireann ***safe*food** an slabhra iomlán bia san áireamh ina dhearcadh i leith taighde agus cinntíonn sé go mbíonn nasc idir ár gclár taighde agus ár bpríomhfheidhm agus go dtacaítear leis.

Tugann ***safe*food** faoi chlár cuimsitheach taighde agus bailiú eolais chun díriú ar bhearnaí in eolas eolaíoch maidir le sábháilteacht bia, sláinteachas bia, cothú agus nósanna sláintiúla itheacháin.

Úsáidtear an taighde seo chun bonn fianaise a thiomsú chun cumarsáid a fhorbairt a fhaigheann tacú ó eolaíocht atá soiléir, údarásach, ábhartha agus neamhspleách, lena n-áirítear feachtais feasachta ***safe*food** atá dírithe ar thomhaltóirí. Cuireann an obair eolaíoch seo lenár dtuiscint ar na guaiseanna is féidir a bheith ag gabháil le táirgeadh bia agus na bearta is gá chun na guaiseanna sin a íoslaghdú nó deireadh a chur leo.

Trí dhul i mbun oibre le príomh-gheallsealbhóirí i dtaighde agus le hinstitiúidí eile, tá ***safe*food** ag cur le caidreamh oibre uile-oileáin agus ag neartú comhpháirtíochtaí idir institiúidí taighde ar fud oileán na hÉireann.

## Foramharc ar thionscadail taighde

Seo a leanas na tionscadail taighde a coimisiúnaíodh i 2015:

### Víris bia-iompartha – treochtaí reatha, lena n-áirítear minicíocht an noraivíris agus an Heipitítis A i dtáirgí úra ar oileán na hÉireann

Mhair an tionscadal seo naoi mí ó Nollaig 2015 go Lúnasa 2016. Is é aidhm an tionscadail seo measúnú a dhéanamh ar na treochtaí reatha maidir leis an méid a chuireann víris bhia-iompartha le hualach an ghalair thógálaigh stéigeach, ag díriú go háirithe ar noraivíreas agus Heipitíteas A i dtáirgí úra.

### A fhonnmhaire atá tomhaltóirí glacadh le modhanna dí-éillithe éineola ar oileán na hÉireann

Is é An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, a bheidh i mbun an tionscadail seo. Mhair an tionscadal seo sé mhí ó Eanáir 2016 go hIúil 2016. Féachtar leis an tionscadal le measúnú a dhéanamh ar dhearcaí tomhaltóirí i leith raon teicnící chun *Campalabaictéar* in éineoil a

laghdú ar oileán na hÉireann.

**Imscrúdú ar an tionchar eacnamaíoch agus comhshaoil a d'fhéadfadh a bheith ag an athrú aeráide ar shábháilteacht bia sa slabhra táirgthe déiríochta ar oileán na hÉireann**

Is é Teagasc i mBaile Ásaigh, Baile Átha Cliath, a bheidh i mbun an tionscadail seo. Mhair an tionscadal seo 10 mí ó Feabhra 2016 go Lúnasa 2016. Imscrúdú ar an tionchar eacnamaíoch agus comhshaoil a d'fhéadfadh a bheith ag an athrú aeráide ar shábháilteacht bia sa slabhra táirgthe déiríochta ar oileán na hÉireann

**Measúnú riachtanas ar eolas agus scileanna sábháilteachta bia i bhfiontair monaraíochta bheaga nó mheánmhéide ar oileán na hÉireann.**

Excellence Ireland Quality Association (EIQA) a bheidh i mbun an tionscadail seo. Mairfidh an tionscadal seo 10 mí ó Shamhain 2015 go Deireadh Fómhair 2016. Féachtar leis an tionscadal seo le múnlaí oibre i bhFiontair Bheaga agus Mheánmhéide a aithint agus a mheas le cinntiú go mbíonn an fhoireann lánoilte i gcúrsaí sábháilteachta bia.

**An mbíonn tionchar ag maímh faoi chothú agus sláinte ar a shláintiúla a bhíonn an bia a itheann daoine fásta ar oileán na hÉireann, agus ar an méid bia a itheann siad?**

Ollscoil na Banríona, Béal Feirste, a bheidh i mbun an tionscadail seo. Mairfidh an tionscadal seo 18 mí ó Aibreán 2016 go Meán Fómhair 2017. Is é cuspóir an taighde seo tuiscint níos fearr a fháil ar an tionchar a bhíonn ag maímh faoi chothú agus sláinte a úsáidtear i margaíochta bia, ar phacáistiú agus i bhfógraíocht ghaolmhar, ar an mbia a itear go coitianta ar oileán na hÉireann, ó thaobh:

A shláintiúla a mheasann daoine atá an bia;

An méid den bhia sin a bhraitheann siad atá oiriúnach mar sciar bia.

**Imscrúdú ar an gcothromaíocht idir thionscnaimh bia sláintiúil agus bia neamhshláintiúil i measc mhiondíoltóirí Phoblacht na hÉireann.**

Ollscoil Uladh a bheith i mbun an tionscadail seo. Mhair an tionscadal seo sé mhí ó Lúnasa 2016 go Feabhra 2017. Is é cuspóir an taighde seo bonn fianaise a sholáthar ar an gcothromaíocht idir thionscnaimh bia sláintiúla agus neamhshláintiúla san earnáil mhiondíola Éireannach, a bheidh mar bhonn le moltaí do straitéisí a dhéanfaidh sé níos fusa don tomhaltóir bia sláintiúil a cheannach (ó thaobh líon, raon agus éagsúlacht) a dhíoltar i dtionscnaimh i siopaí miondíola i bPoblacht na hÉireann.

**Cleachtais maidir le baint den chíoch ar oileán na hÉireann**

Is í an Coláiste Ollscoile, Gaillimh, a bheidh i mbun an tionscadail seo. Mhair an tionscadal seo 18 mí ó Mhárta 2016 go Lúnasa 2017. Is é aidhm an taighde seo imscrúdú a dhéanamh ar eolas, dearcthaí agus cleachtais tuismitheoirí i dtaobh a leanaí a bhaint den chíoch, agus iad idir 4 mhí agus 12 mhí d'aois ar oileán na hÉireann.

Seo a leanas na tionscadail taighde a tugadh chun críche i 2015:

**Na ceisteanna a tháinig chun cinn: Anailís ar *Escherichia coli véaraicíteatocsaigineach* ar oileán na hÉireann**

Ba é Institiúid Teicneolaíochta  Chorcaí a rinne an tionscadal seo. Mhair an tionscadal seo sé mhí ó Lúnasa 2014 go Feabhra 2015.

**Iompar tomhaltóirí a thuiscint i gcás úsáid díghalráin láimhe agus a éifeachtúla atá siad a fháil amach.**

Ba í Ollscoil na Banríona, Béal Feirste, a rinne an tionscadal seo. Mhair an tionscadal seo sé mhí ó Lúnasa 2014 go Feabhra 2015.

**Rogha an tomhaltóra a chosaint: Féachaint ar an áit a dtáirgtear bia ceardaí ar oileán na hÉireann (staidéar scóipeála)**

Teagasc a rinne an tionscadal seo. Mhair an tionscadal seo 23 mí ó Mheán Fómhair 2013 go hIúil 2015.

**Measúnú ar *Escherichia coli* atá friothsheasmhach in aghaidh antaibheathaigh i gcórais táirgthe feola ar oileán na hÉireann.**

Ba é an Agri- Food & Biosciences Institute (AFBI) a rinne an taighde seo. Mairfidh an tionscadal seo 27 mí ó Shamhain 2013 go Deireadh Fómhair 2015.

**Tionchar scileanna cócarála agus scileanna gaolmhara ar a shláintiúla atá an aiste bia.**

Ba í Ollscoil na Banríona, Béal Feirste, a rinne an tionscadal seo. Mairfidh an tionscadal seo 18 mí ó Shamhain 2014 go Deireadh Fómhair 2015.

**Stádas iaidín: an bhfuil fadhb maidir le sláinte an phobail ar oileán na hÉireann**

Ba í Ollscoil na Banríona, Béal Feirste, a rinne an tionscadal seo. Mairfidh an tionscadal seo 24 mí ó Shamhain 2013 go Deireadh Fómhair 2015.

#### Clár Riosca a fhorbairt do na hearnálacha muiceola agus éineola ar oileán na hÉireann: Foláireamh maidir le guaiseanna bia

Ba í Ollscoil na Banríona, Béal Feirste, a rinne an tionscadal seo. Mhair an tionscadal seo sé mhí ó Lúnasa 2013 go Feabhra 2015.

#### Bia a bhainistiú le linn obair seala

Ba é Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath a rinne an tionscadal seo. Mairfidh an tionscadal seo 19 mí ó Shamhain 2014 go Deireadh Fómhair 2015.

#### Slándáil bia i gcás an tomhaltóra ar oileán na hÉireann atá íogair ó thaobh bia.

Ba í Ollscoil na Banríona, Béal Feirste, a rinne an tionscadal seo. Mhair an tionscadal seo naoi mí ó Nollaig 2014 go Lúnasa 2015.

Is é an taighde an bonn le mórchuid d'obair na heagraíochta, cibé mar bhonn le feachtais nó ag méadú fheasacht an phobail nó ag díriú ar bhearnaí eolais. Nuair a thugtar tionscadal taighde chun críche, foilsítear an tionscadal ar shuíomh gréasáin safefood.

# Punann taighde

Sheol *safe*food a chéad phunann taighde ar líne i 2015. Cuireadh tionscadail taighde de chuid *safe*food ar fáil roimhe seo i leabhrán cóipe crua, ach beidh an leagan ar líne níos úsáidí agus insroichte de bhrí go gcuirtear naisc ar fáil chuig tuarascálacha foilsithe gaolmhara, acmhainní digiteacha agus foilseacháin piar-athbhreithnithe.. Is díol spéise í an phunann do ghníomhaireachtaí rialtais, lucht na dtionscal agraibhia, institiúidí taighde, gairmithe sláinte poiblí agus geallsealbhóirí eile ar fud oileán na hÉireann.

Ó 2000, tá os cionn 114 tionscadal taighde coimisiúnaithe ag *safe*food a chlúdaíonn disciplíní éagsúla lena n-áirítear: rioscaí agus guaiseanna micribhitheolaíocha agus ceimiceacha, staidéar ar phatrúin itheacháin, iontógáil bia agus dearcthaí i measc grúpaí éagsúla den daonra, tearcsholáthar bia, síceolaíocht an tomhaltóra agus fadhbanna le hailléirge agus éadulaingt bia. Lena chois sin, rinne *safe*food naoi gcinn d'athbhreithnithe ginearálta ar ghnéithe éagsúla den slabhra bia.

# Foilseacháin

#### Meastóireacht ar bhliain a haon den Chlár um  Thionscnamh Bia Pobail (2013-2015)

Féachtar sna Tionscnaimh Bia Pobail le tionchar dearfach a imirt ar nósanna itheacháin na dteaghlach ar an ioncam is ísle trí dhíriú ar na bacainní ar aiste bia sláintiúil agus tacú le teacht níos ginearálta ar bhia inacmhainne sláintiúil ar leibhéal áitiúil. San iomlán, cuireann tionscnaimh bia pobail an dea-shláinte chun cinn, tríd é a dhéanamh níos fusa do dhaoine roghanna sláintiúla bia a dhéanamh.

Achoimrítear sa tuarascáil seo príomhthorthaí meastóireachta ón gcéad bhliain (Aibreán 2013 go Márta 2014) de chlár trí bliana atá bainistithe ag *safe*food, atá á bhainistiú ag Healthy Food for All, de dheich gcinn de thionscnaimh bia pobail i gceantair atá faoi mhíbhuntáiste socheacnamaíoch ar fud oileán na hÉireann. Mar bhonn leis an tionscadal seo tá an chreideamh gur slí phraiticiúil iad CFInna le díriú ar bhacainní do nósanna sláintiúla itheacháin ar leibhéal áitiúil.

#### Margaíocht bia do leanaí réamhscoile

D'fhéach an tuarascáil seo le himscrúdú a dhéanamh ar leibhéal agus ar chineál an nochtaithe a bhíonn ag leanaí óga (idir dhá bhliain agus cúig bliana d'aois) ar fhógraíocht maidir le bianna neamhshláintiúla agus scrúdú a dhéanamh ar an gcineál bia a cheannaíonn teaghlaigh, iompar leanaí i leith bia agus a meáchan coirp.

Tá sé léirithe ag taighde gur féidir le fógraíocht bia tionchar a bheith aige ar nósanna itheacháin agus meáchan coirp leanaí réamhscoile. Is iomaí slí a úsáidtear anois le páistí óga chun feasacht bhranda a chothú agus tionchar a imirt ar na rudaí a cheannaítear ar a son. I measc na gcainéal margaithe bia sin tá fógraíocht ar an teilifís agus ar an raidió, margaíocht inscoile, socrú tairgí, clubanna leanaí, an t-idirlíon, agus bréagáin agus táirgí agus lógónna branda orthu. Ní bhíonn na scileanna agus an cumas cognaíoch céanna ag leanaí óga a bhíonn ag leanaí níos sine agus ag daone fásta chun teachtaireachtaí tráchtála a thuiscint agus mar sin is furasta tionchar a imirt orthu.

#### An costas a ghabhann le ciseán de bhia sláintiúil

Cuireadh an tuarascáil seo i láthair i bhfianaise an mhéadaithe ar údar imní i dtaobh tearcsholáthar bia ar oileán na hÉireann. Foilsíodh dhá cinn de thuarascálacha chun doiciméadú a dhéanamh ar thearcsholáthar bia sa dá dlínse, i bPoblacht na hÉireann agus i

dTuaisceart Éireann. Tá méadú tagtha ar líon na líonta tí ar oileán na hÉireann a thuairiscíonn go bhfuil tearcrochtain acu ar bhia, a chiallaíonn nach bhfuil aiste bia dóthanach cothaitheach acu de bharr easpa airgid agus easpa rochtaine, agus is iad daoine ar ioncam íseal is mó atá i mbaol. Cuid an-solúbtha de chaiteachas teaghlaigh is ea an buiséad bia. Nuair a bhíonn an buiséad teaghlaigh faoi bhrú, féadfaidh bia ríphróiseáilte agus bia atá tearc ar chothaitheach bunriachtanais ocrais agus fuinnimh an teaghlaigh a chomhlíonadh. Sa taighde seo scrúdaíodh an costas a ghabhann le ciseán de bhia sláintiúil do chineálacha éagsúla teaghlaigh. Sa taighde seo cuireadh figiúirí ar fáil don chostas a ghabhann le ciseán de bhia sláintiúil atá dóthanach ó thaobh sláinte agus rogha.

### Cé chomh glan is atá d'éadach soithí?

Tá tábhacht leis an éadach soithí cistine i sláinteachas agus sábháilteacht bia i ngach cistin de bhrí go n-úsáidtear iad chun salachar infheicthe a ghlanadh de chuntair oibre agus de dhromchlaí agus is féidir leo céatadán suntasach den smionagar bia agus de mhicri-orgánaigh atá ar dhromchlaí cistine a bhaint. Mar sin féin, de bhrí go mbíonn siad fliuch ar feadh tréimhsí fada agus go mbíonn roinnt dramhbhia iontu i gcónaí, is timpeallacht idéalach iad éadaigh soithí chun micrea-orgánaigh a chur ag fás iontu. Mar sin is féidir le héadaí soithí, de bharr na húsáide a bhaintear astu, a bheith ina riosca sláinte de bharr gur féidir leo an nochtadh do bhaictéir dhainséaracha a mhéadú. Tugtar le chéile sa tuarascáil seo torthaí dhá cheann de staidéar gaolmhar, a rinneadh i 2011 agus 2012. I staidéar amháin imscrúdaíodh an t-éilliú micribhitheolaíoch ar éadaigh soithí tí a bhí in úsáid mar aon le torthaí déimeagracha agus iompair maidir le húsáid agus ní na n-éadach seo. Scrúdaíodh sa scrúdú eile, in imscrúdú rialaithe, a éifeachtaí atá modhanna éagsúla chun cineálacha éagsúla éadaigh soithí a dhí-éilliú agus an tslí a n-aistrítear éilliú ó éadaí soithí go dromchlaí cistine. Tá na torthaí sin mar bhonn le comhairle do thomhaltóirí ar an tslí le héadaigh soithí a úsáid sa teach ag féachaint le héilliú agus tras-éilliú dromchlaí ullmhaithe bia sa chistin a laghdú.

### Staidéar ar chuisneoirí teaghlaigh ar oileán na hÉireann

Tá cuisneoir teaghlaigh ag gach líon tí in Éirinn, beagnach, ach tá sé taispeáinte i roinnt staidéar gur féidir nach i gcónaí a úsáidtear an cuisneoir go sábháilte. Thuairiscigh ***safe*food** i 2005 agus 2012 araon go raibh easpa feasachta ann maidir le cleachtais sábháilte i dtaca le stóráil bia sa chuisneoir, ar nós a thábhachtaí atá sé teocht an chuisneora a bheith idir (0–5°C). Bhí an deis againn i roinnt feachtas sábháilteachta bia teaghlaigh, agus nuair a tugadh isteach dearthaí agus teicneolaíochtaí, suirbhé nua a dhéanamh le cur chuige cuimsitheach ildisciplíne chun torthaí roimhe seo a thabhairt chun dáta agus léargas nua a fháil ar eolas, iompar agus braistintí tomhaltóirí maidir le sábháilteacht cuisneoirí. Ceann de na torthaí ba shuntasaí ná go raibh 14 faoin gcéad de chuisneoirí ag teocht os cionn 8°C, lena n-áirítear 8 faoin gcéad a bhí ag 10°C nó os a chionn.

### Cad is na rapaí is fearr leat?

Baineann an suirbhé seo le sraith suirbhéanna ar chothú tá coimisiúnaithe ag ***safe*food** chun féachaint ar a bhfuil de chothú i ngnáthbhianna áisiúla. Is gnách rapaí a bheith déanta as arán tortilla a rolltar amach chun iad a líonadh le hábhair éagsúla, agus tá siad ag éirí níos coitianta i gcónaí mar rogha áitiúil furasta le hithe agus rogha iniompair. Ach is beag is eol faoina bhfuil de chothú iontu. I dtaighde a choimisiúnaigh ***safe*food** roimhe seo, taispeánadh go mbraitear uaireanta go bhfuil bianna áirithe níos sláintiúla ná mar atá, rud a thugann 'ceadúnas' chun an iomarca den bhia sin a ithe. Ar an tslí sin, is minic a mhargaítear rapaí mar rogha shláintiúil. Ní mór a chur san áireamh nár cheart ach trian dár gcalraí laethúla a ithe ag am lóin. Foilsíodh an tuarascáil seo i dteannta le grafaic faisnéise dar teideal '*Cá mhéad aráin atá sa cheapaire agat?*' ina ndearnadh comparáid idir roghanna éagsúla ceapaire leis an méid calraí atá in arán slisnithe.

### Cad atá sa bhia beir leat Indiach agat?

Cuid den sraith suirbhéanna céanna ar chothú ab ea an suirbhé seo a dearadh chun léargas a thabhairt ar a bhfuil d'fhuinnimh (calraí), saill iomlán, saill sháithithe, próitéin agus salann sna cúrsaí tosaigh, príomhchúrsaí agus taobhmhiasanna is mó tóir, ó shiopaí éagsúla beir leat Indiacha agus bialanna Indiacha a bhfuil seirbhís beir leat acu, chomh maith le hollmhargaí nó bia den sórt céanna ó shiopaí. Bíonn bia Indiach íseal ó thaobh saille agus lán snáithín agus saibhir ó thaobh torthaí agus glasraí, go traidisiúnta. Ach tá na béilí traidisiúnta seo oiriúnaithe do bhlas mhuintir an Iarthair agus mar sin cuirtear comhábhair éagsúla leo, rud a chuireann lena n-ábhar saille agus salainn.

# Líonraí

Cuireann líonraí safefood timpeallachtaí dinimiciúla agus tairbhiúla ar fáil chun eolas a mhalartú chun leas frithpháirteach geallsealbhóirí.

188 - Líon na soláthraithe luath-óige a ghlac páirt i gceardlanna de chuid ***safe*food** maidir le hoiliúint faoi ailléirginí luath-óige.

12,117 - Líon na ndaoine a ghlac páirt i dtionscnaimh Bia Pobail le cistiú ó ***safe*food** i 2015.

101 - Líon na bhfíschlár a chlúdaíonn raon leathan topaicí sábháilteachta bia agus athbhreithnithe agus agallaimh comhdhála atá ar fáil 24/7 ar shuíomh gréasáin Líonraí Eolais ***safe*food**.

2,404 - Líon na dtoscairí a d'fhreastail ar os cionn 44 imeacht a d'eagraigh Líonraí Eolais *safe*food ó 2011 i leith.

De bharr an tsuímh uathúil thuaidh/theas atá ag *safe*food cuirtear chun cinn comhoibriú agus nascaíochtaí le geallsealbhóirí san Eolaíocht Bia agus i Sláinte agus i gCothú an Duine chun cur le hiomláine an tslabhra bhia agus chun sláinte an phobail a fheabhsú.

## Líonraí Eolais

Tugadh cumraíocht reatha na Líonraí Eolais chun críche i gconradh i mí na Nollag 2015 ag féachaint le hathstruchtúradh a dhéanamh ar na Líonraí i 2016. I 2015, lean na Líonraí de bheith ag breisiú nascaíochtaí trasna ar oileán na hÉireann idir gairmithe sábháilteachta bia a oibríonn sna hearnálacha táirgthe agus próiseála bia, i dtaighde agus san acadamh, agus sna hearnálacha ginearálta poiblí. Eagraíodh 12 chomhdháil, ceardlanna agus seimineár mar aon le cúig cinn de nuachtlitreacha, nuashonruithe ríomhNuachta déshеachtainiúla agus uaslódáil leanúnach ar ardán NING na Líonraí saincheisteanna a tháinig chun cinn i dtaca le sábháilteacht bia. ar ardán NING na Líonraí. Tugann an méadú ar bhallraíocht gur aithin *safe*food éileamh suntasach ar chreat cumasúcháin, éileamh nár comhlíonadh go dtí seo.

| **Imeachtaí agus oiliúint** | |
|---|---|
| 44 | Imeachtaí a bhí ann |
| 52 | Ghlac gairmithe sábháilteachta bia páirt in Oiliúint Líonraí Eoalis agus sa chlár Soghluaiseachta a d'éascaigh *safe*food |
| 82 | Cainteoir idirnáisiúnta |
| 295 | Léirithe |
| 2,404 | An freastal |
| 2,829 | Comhaltaí |

| **Cumarsáid agus acmhainní** | |
|---|---|
| 28 | Nuachtlitreacha a scaipeadh |
| 30 | Achoimrí ar líonra ríomhnuachta a scaipeadh |
| 101 | Chlúdaigh físeáin a chuir *safe*food ar fáil raon leathan topaicí i dtaca le sábháilteacht bia, athbhreithnithe ar chomhdhálacha agus agallaimh |
| 2,985 | Áiríodh ar uaslódálacha chuig suíomh gréasáin NINI Líonraí Eolais scéalta, imeachtaí, plé agus postálacha fóraim. |

### Imeachtaí Líonraí Eolais

#### Comhdháil Líonra Eolais Bith-thocsainí

Bhí an Chomhdháil Líonra Eolais Bith-thocsainí ann Déardaoin an 11 Meitheamh i mBéal Feirste. Tionóladh comhdháil na bliana seo i gcomhar le Cumann Tocsaineolaíochta na hÉireann agus ba é téama an chruinnithe an forluí idir an cheimic anailíseach agus an

tocsaineolaíocht. Taiscéaladh léirmhíniú sonraí staitistiúla i bhfianaise a ábhartha atá sé do shláinte agus sábháilteacht an duine go háirithe i gcás nochtuithe iomadúla do cheimiceáin. Labhair ceithre chainteoir idirnáisiúnta agus d'fhreastail 60 toscaire ar an ócáid ó oileán na hÉireann agus thar lear. Mheall an seisiún póstaeir iontrálacha ó Ollscoil na Banríona Béal Feirste agus Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath.

### Líonra Eolais Champalabaictéir - Comhdháil Bhliantúil

D'éirigh go rímhaithe le Ceardlann Oiliúna Rialaithe *Campalabaictéir* a d'eagraigh Líonra Eolais Champalabaictéir i Muineachán an 24 Meán Fómhair. D'fhreastail os cionn 100 toscaire ar an gceardlanna, agus saothróirí éineola a bhí i gcuid acu, agus iad ar bís leis na forbairtí is déanaí ar bhithshlándáil ar an bhfoirm a chloisteáil. Chuir an Dr. Mogens Madsen ón Danmhairg torthaí i láthair ó thionscail il-chomhpháirtí AE, CamCon, agus léirigh sé go bhfuil uirlisí forbartha chun na torthaí a chur chun feidhme. Phléigh na toscairí na dúshláin atá le sárú ag saothróirí agus iad ag cur bearta bithshlándála chun feidhme.

### An Líonra um Ailléirgí Bia agus Éadulaingt ar Bhia

An 29 Deireadh Fómhair. bhí cruinniú oscailte ag Líonra um Ailléirgí Bia agus Éadulaingt ar Bhia ***safe*food** ag an Radisson Blue Hotel, Gaillimh ar éadulaingt bia. D'éist suas le caoga toscaire le léirithe ar ghnéithe míochaine den éadulaingt bia, FODMAPanna, ceimic anailíseach an ghlútain agus gnéithe síceolaíocha den éadulaingt bia. Rinne Derek & Tina Thompson ó Co. an Dúin cur síos ar a gcuid oibre in Éire Saor ó Ghlútan (Gluten Free Ireland) agus thug léargas ar na tacaíochtaí atá ar fáil do thomhaltóirí i dTuaisceart Éireann a bhfuil galar céiliach agus éadulaingt glútain acu.

### Comhdháil Bhliantúil Líonra Listeria

Tionóladh Comhdháil Bhliantúil Líonra Listeria ag Teagasc, An Chloch Liath, Co. Chorcaigh, Dé Céadaoin an 20 Bealtaine. Bhí os cionn 76 toscaire i láthair ó réimsí taighde, sláinte phoiblí agus bia. Ba é téama na comhdhála 'Rioscaí maidir le patagainí i mbia a bhainistiú agus a chur in iúl' ('*Managing and communicating risks related to pathogens in food'.)*

### Comhdháil Bhliantúil Líonra Salmonella

I gCo. Chill Dara an 16 Aibreán a bhí Comhdháil Bhliantúil Líonra *Salmonella*. D'fhreastail 71 toscaire air agus ba é téama na comhdhála 'Bainistíocht ar shaincheisteanna slabhra bia i dtionscal an bhia agus na déiríochta' (*Supply chain management issues in the meat and dairy industry*'.) Labhair cainteoirí idirnáisiúnta ón Danmhairg, ón Ollainn agus ón bPortaingéil ag an gcomhdháil. Ag deireadh na comhdhála, tugadh cuireadh do na toscairí féachaint ar shaoráidí saotharlainne Champas Bhacastúin.

### Comhdháil Líonra VTEC

D'éirigh go rímhaith le Comhdháil Bhliantúil VTEC i mBaile Átha Cliath an 10 Samhain 2015. Bhí os cionn 90 toscaire i láthair, lena n-áirítear lucht léinn, gairmithe sláinte phoiblí agus lucht gnóthas bia. Phléigh an tOllamh Marcello Trevisani ó Ollscoil Bologna *VTEC* i dtréada ba bainne, amhbhainne agus táirgí déiríochta agus phléigh an Dr. Gro Johannessen tosca riosca i mbia úr. Sa seisiún plé, thug Éascaitheoir Líonra Geraldine Duffy aiseolas ar Chomhdháil VTEC 2015 i mBostún agus ar na saincheisteanna a pléadh ansin, lena n-áirítear seicheamhú géanóim iomláin agus dinimic maidir le scoitheadh ainmhithe.

## Gníomhaíochtaí forlíontacha Líonraí Eolais

### Ceardlanna Oiliúna in Ailléirgíní Óige

Comhoibríonn ***safe*food** le Luath-Óige Éireann (PÉ) agus Early Years (TÉ) chun eolas ar shábháilteacht bia agus nósanna sláintiúla itheacháin a chur ar fáil do sholáthraithe luath-óige ar fud ona. Chuige sin, tá acmhainn ghreáin Greimeanna Beaga (Little Bites) forbartha ag ***safe*food** ar shuíomh gréasáin ***safe*food**. Sa phróiseas seo, aithníodh an gá atá le huas-sciliú i dtaca le hailléirgíní bia agus rialú ailléirgíní bia.

Chuir oiliúnóir cúig cinn de cheardlanna tráthnóna ar fáil i 2015 do sholáthraithe luath-óige i bPoblacht na hÉireann agus do bheirt in TÉ ar bhonn píolótach. Lena chois sin, cuireadh roinnt léachtí ar fáil do mhic léinn ar chúrsaí luath-óige. Tá oiliúint curtha ar 188 soláthraí luath-óige anois. D'éirigh go rímhaith leis an gclár agus léirigh 99 faoin gcéad de na toscairí gur sáraíodh a gcuid ionchas nó gur comhlíonadh iad.

### Ceardlann maidir le Víris Bia-Iompartha a Rialú

D'óstáil ***safe*food** ceardlann rathúil dar teideal 'Víris Bia-IOmpartha a Rialú' *'Controlling Foodborne Viruses'* an 1 Nollaig, 2015 i mBaile Átha Cliath. Ba í aidhm na ceardlainne an t-eolas atá ann a bhailiú agus a chomhroinnt agus príomhbheartnaí a aithint a líonfaí le taighde todhchaí ar víris bia-iompartha. Thug na príomhchainteoirí léirithe ar na forbairtí is déanaí i víris a tharchuirtear tríd an slabhra bia.

Scrúdaíodh saincheisteanna rialála agus dúshláin ó thaobh víris bia-iompartha a bhrath agus éascaíodh plé mar gheall ar na modhanna le víris a rialú i dtionscal an bhia. Ar na cás-staidéir a cuireadh i láthair bhí ráig AE de víreas Heipitíteas A nasctha le sméara reoite agus noraivíreas a tholgtar trí shliogéisc a itheadh. D'fhreastail os cionn 100 ionadaí ó thionscal an bhia ar an gceadlann. Ina measc bhí táirgeoirí bia, baill den tionscal lónadóireachta, rialálaithe, taighdeoirí, lucht léinn agus daoine ó ranna rialtais.

### Barántúlacht bia: Do ghnóthas a chosaint ar chalaois bia

Eagraíodh dhá chomhdháil ar an téama seo i gcomhpháirtíocht le Teagasc agus leis an Institiúid um Shlándáil Bia Domhanda ag Ionad Oiliúna agus Comhdhála Teagasc i mBaile Átha Cliath an 26 Meitheamh agus in Ollscoil na Banríona, Béal Feirste, an 12 Samhain. Comhroinneadh dul chun cinn a rinneadh le deireanas ó thaobh calaois bia a bhrath, a chosc agus monatóireacht a dhéanamh uirthi agus an tslí ar féidir le gnóthais a gcion a dhéanamh chun iad féin agus a gcuid custaiméirí a chosaint, chomh maith le cur chuige measúnaithe riosca i leith measúnaithe leochaileachta atá riachtanach anois i ngach cuideachta déantúsaíochta bia.

Aibhsíodh a chasta atá sé ar rialaitheoirí calaois bia a chomhrac agus tairgeadh comhairle phraiticiúil do ghnóthais bia ar an tslí lena slabhraí bia a chosaint. Ar na príomhchainteoirí bhí an tOllamh Chris Elliot, Ollscoil na Banríona, Béal Feirste a phlé a thábhachtaí atá Tuarascáil Elliott an RA don gheilleagar agraibhia ar an oileán, go háirithe i dtaca le tionscail na feola deirge. Chualathas ionchur suntasach ó Ghníomhaireacht Thuaisceart Éireann um Chaighdeáin Bia, ón Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann, ó mhiondíoltóirí agus ó shaineolaithe eile. D'fhreastail 120 toscaire san iomlán ó gach cuid de thionscal an bhia ar an ócáid i mBaile Átha Cliath agus bhí 95 toscaire i láthair i mBéal Feirste.

## Tionscnaimh Bia Pobail (CFInna)

In Eanáir, d'fhoilsigh *safe*food meastóireacht ón gcéad bhliain (Aibreán 2013 go Márta 2014) de chlár trí bliana atá bainistithe ag *safe*food, atá á bhainistiú ag Healthy Food for All, de dheich gcinn de thionscnaimh bia pobail (CFInna) i gceantair atá faoi mhíbhuntáiste socheacnamaíoch ar fud oileán na hÉireann. Díríonn na tionscadail forbartha pobail ar bhia agus ar shláinte agus is iad Healthy Food for All, carthanas uile-oileáin a fhéachann le bia sláintiúil a chur chun cinn do dhaoine ar ioncam íseal, a bhainistíonn é ar an leibhéal áitiúil. I measc gníomhaíochtaí an tionscadail tá tacaíocht do scileanna tábhachtacha bia, ar nós pleanáil, buiséadú agus siopadóireacht bia.

Taispeánann na torthaí ón meastóireacht go raibh os cionn 12,000 páirteach i dtionscnaimh Bia Pobail faoi chistiú *safe*food ar an oilean ina gcéad bhliain. Ba é aidhm na meastóireachta nearta agus laigí an chláir a aithint agus gníomhú maidir leo le linn an téarma, seachas an clár a mheas ag deireadh na trí bliana.

| **D'aithin an mheastóireacht an méid seo a leanas a bhí bainte amach ag na CFInna:** |
|---|
| Bhí deich gcinn de thionscnaimh CFI bunaithe ar oileán na hÉireann |
| Cuireadh tacaíocht agus oiliúint theicniúil ar fáil agus eagraíodh trí cinn d'imeachtaí líonraithe uile-oileáin |
| Forbraíodh foghlaim chomhroinnte agus líonrú i measc na dtionscadal |
| Cothaíodh feasacht na ngeallsealbhóirí trí chur chun cinn, an bonn fianaise a mhéadú agus líonrú |
| Táthar ag díriú anois níos mó ná riamh ar inbhuanaitheacht fhadtéarmach na dtionscadal |

Seo na dúshláin a aithníodh:

Líon na rannpháirtithe a choimeád agus a mhéadú

Saorálaithe a inspreagadh (m.sh. sa gheimhreadh), caidreamh idirphearsanta a bhainistiú agus ionchais na saorálaithe

An gá atá le plean inbhuanaitheachta fadtéarmaí don tionscadal a aithint

Caidreamh pobail/líonrú le heagraíochtaí/gníomhaireachtaí áitiúla

An próiseas cistithe.

| **Líon na ndaoine a bhí páirteach i ngníomhaíochtaí CFI** | |
|---|---|
| **12,117** | Aimsiú iomlán na ngníomhaíochtaí CFI uile |
| **3,299** | Gníomhaíochtaí maidir le nósanna sláintiúla itheacháin |
| **3,273** | Gníomhaíochtaí garraíodóireachta/fáis |

| | |
|---|---|
| **1,515** | Gníomhaíochtaí maidir le scileanna cócarála |
| **373** | Gníomhaíochtaí maidir le pleanáil/buiséadú/siopadóireachta |
| **3,717** | Gníomhaíochtaí eile ar nós gníomhaíocht fhisiciúil agus léirithe/seimineáir maireachtála sláintiúla, béilí pobail, laethanta oscailte nó spraoi, cruinniú bia agus líonrú |

# Líonra Tearcrochtana Bia Uile-Oileáin

Is é a thuigtear le tearcrochtain bia easpa cumais ag duine cothú leordhóthanach a fháil. Ceist shuntasach í do mhórchuid daoine ar oileán na hÉireann.

Cé go mbraitear gur fadhb mhór é a chostasaí atá bia sláintiúil, ceist chasta is ea easpa aiste bia folláin, a bhfuil tionchar aici ar chúrsaí oideachais, iompair, litearthachta, cultúir agus pleanáil comhshaoil. Deitéarmanant ginearálta eile sláinte, amhail drochthithíocht, eisiamh sóisialta agus ardráta coireachta, is ea tearcrochtain bia.

I gcomhar le geallsealbhoirí eile ar an oilean, tá ***safe*****food** ag díriú ar thearcrochtain bia tríd an abhcóideacht, an bonn fianaise a mhéadú agus tacú le tionscnaimh pobail.

Is é aidhm an Líonra Tearcrochtana Bia Uile-Oileáin tacú le cur chuige straitéiseach comhordaithe i leith dul i ngleic le tearcrochtain ar bhia ar oileán na hÉireann trí chomhthoil a fhorbairt ar cheisteanna gaolmhara, ar chomhoibriú agus ar fhoghlaim chomhroinnte. Bunaíodh an líonra seo i 2009, agus is é ***safe*****food** agus Gníomhaireacht Thuaisceart Éireann um Chaighdeáin Bia atá i gceannas air.

Bhí comhdháil bhliantúil ag Líonra Tearcrochtain Bia Uile-Oileán le tacú ó ***safe*****food** agus Gníomhaireacht Thuaisceart Éireann um Chaighdeáin Bia dar teideal 'Tearcrochtain Bia – Faisnéis le Gníomhú uirthi '*Food Poverty – Information for Action*' ar an 21 Aibreán san Ionad NICVA, Béal Feirste.

Comhroinneadh léargais nua ar réimse na tearcrochtana bia ag an gcomhdháil, agus féachadh ar an taighde reatha agus ar a fhorleithne atá tb ar oileán na hÉireann. Cuireadh cás-staidéar den scoth i láthair, trína bhfuiltear ag iarraidh tearcrochtaineacht bia a chomhrac agus an teacht ar bia sláintiúil inacmhainne i mBéal Feirste a mhéadú. D'fhreastail 67 toscaire ó ranna rialtais, comhairlí áitiúla, grúpaí pobail agus deonacha ar ócáid thaithneamhach maidine. Taispeánadh, leis, seoladh an taighde ar 'An Costas a Ghabhann le Ciseán de Bhia Sláintiúil', a rinneadh ó thuaidh agus ó theas. Ba é ***safe*****food** a mhaoinigh an obair i dTuaisceart Éireann, i gcomhpháirtíocht leis Gníomhaireacht Thuaisceart Éireann um Chaighdeáin Bia agus Comhairle Tomhaltóirí TÉ. Tá pleananna ann chun tuilleadh oibre a dhéanamh air seo i 2016 sa dá dhlínse.

# An clár um fhaireachas ar chothú

I bhFeabhra 2015, bhunaigh ***safe*****food** grúpa il-ghníomhaireachta pleanála chun creat do chlár um fhaireachas ar chothú d'oileán na hÉireann a bhunú. Ba é príomhaidhm an tionscnaimh seo dul chun cinn a dhéanamh leis an moladh a foilsiodh i dtuarascáil i Meán Fómhair 2012 maidir le comhoibriú dlúth ar fhaireachas ar chothú a dhéanamh ar bhonn uile-oileáin le cinntiú go mbailítear sonraí tráthúla, urrúnta agus inchomparáide. Gníomhaíocht an-tábhachtach is ea faireachas ar chothú trína soláthraítear an bhunfhaisnéis is gá chun gur féidir le rialtais beartais urrúnta cothaithe a fhorbairt chun sláinte an phobail a chosaint.

Agus creat oiriúnach á cheapadh, chinn an grúpa il-ghníomhaireachta pleanála, a raibh sé chruinniú aige i 2015, gur chóir go mbeadh sé ábalta sonraí a sholáthar do chuspóirí maidir le cothú agus nochtadh do cheimiceáin araon, go dtabharfadh sé luach ar airgead trí dhúbailt a sheachaint agus riachtanais sláinte, talmhaíochta agus riachtanais thionscal an bhia a chomhlíonadh, go spreagfadh sé bailiú sonraí ar bhonn leanúnach seachas go tréimhsiúil ionas go mbeidh leanúnachas ann agus gur féidir treochtaí a aithint, go gcomhlíonfaí riachtanais an oileáin ar fad, agus go bhféadfaí é a thabhairt isteach de réir a chéile i bhfianaise na n-acmhainní atá ar fáil agus chláir oibre na gclár faireachais atá ann cheana.

# Fóram um Ghníomhaíocht Uile-Oileán ar Mhurtall

Bunaíodh an Fóram seo i 2008 chun tacú le cur chun feidhme na mbeartas murtaill i dTuaisceart Éireann agus i bPoblacht na hÉireann araon. Tugtar le chéile san fhóram raon leathan geallsealbhóirí ó bhreis is 31 eagraíocht. Ó réimsí an bhia agus na gníomhaíochta fisicí araon a thagann na baill. Trí mhalartú dea-chleachtais a éascú agus líonrú agus comhoibriú a chur chun cinn, is ardán idéalach ar oileán na hÉireann é an fóram le haghaidh comhpháirtíochta agus

Faigheann an fóram tacaíocht ó fhoilsiú an ríomhfheashacháin 'The All-Ireland Obesity News' ina gcuirtear chun cinn comhroinnt na faisnéise agus malartú an dea-chleachtais. Seoladh leagan amach níos giorra agus níos beaichte don nuachtlitir in Eanáir 2015, agus díríodh ar imeachtaí, míreanna nuachta agus aibhsíodh príomhmhíreanna taighde. Tá sé ag dul ó neart go neart agus ag mealladh tuilleadh síntiúsóirí agus teagmháil níos leithne i gcónaí. Foilsíodh 12 eagrán i mbliana. Tabharfar tús áite don teagmháil sin agus aimsiú na nuachtlitreach a mhéadú agus tá sé beartaithe ár láithreacht ar na meáin shóisialta a mhéadú.

| Nuacht Murtaill Uile-Oileáin (The All‑island Obesity News) | |
|---|---|
| **12** | Eagraín a foilsíodh i 2015 |
| **60** | Míreanna nuachta a foilsíodh |
| **10** | Torthaí taighde a comhroinneadh |
| **488** | Tháinig 10% de mhéadú ar líon na síntiúsóirí do Nuacht Murtaill Uile-Oileáin (The All‑ island Obesity News), go 488. |

Sa chéad cheardlann don Fhóram um Ghníomhú maidir le Murtall Uile-Oileáin i 2015 ar idirghabhálacha reatha chun ualach an mhurtaill a laghdú, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta. Ba é an tOllamh Jaap Seidell ó Ollscoil Amstardam an t-aoi-chainteoir agus dhírigh a léiriú siúd ar thionscnamh comhpháirtíochta poiblí príobháideach (clár JOGG) atá ar bun san Ísiltír. Thug an Dr. Brendan O'Shea léiriú ar thaighde atá á dhéanamh i gcleachtais dochtúirí teaghlaigh féachaint a inghlactha a bheadh sé leanaí a mheá mar ghnáthchuid de chuairt ar dhochtúir. Scrúdaigh an Dr. Joanne McClean ar staidéar píolótach i dTuaisceart Éireann ina atreoraigh dochtúirí teaghlaigh othair chuig clár tráchtála cailliúna meáchain. D'fhéach Ms Fiona Gilligan, Stiúrthóir Margaíocht agus Cumarsáide ag *safe*food, ar an ngluaiseacht shóisialta a bhí ginte ag an seó teilifíse, Operation Transformation. Labhair Ms Amy Davies, an cainteoir deireanach, faoi thionscnamh atá ar bun i gceithre cinn de thíortha na hEorpa mar ar fhorbairt daoine óga feachtais meáin chun a bpiaraí a spreagadh chun stíl mhaireachtála níos sláintiúla a ghlacadh. Bhí 72 toscaire ó ranna rialtais, comhairlí áitiúla, eagraíochtaí neamhrialtasacha agus grúpaí deonacha i láthair.

Thosaigh an cruinniú is déanaí den Fhóram Murtaill Uile-Éireann ar 10 Samhain le fáilte agus réamhrá ón Dr. Cliodhna Foley-Nolan, Stiúrthóir Sláinte agus Cothú an Duine ag *safe*food. Dhírigh an cruinniú seo ar 'Timpeallachtaí atá ag athrú, iompair a athrú' (Changing environments, changing behaviours') in iarracht an murtall a laghdú, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta, ag díriú go speisialta ar idirghabhálacha reatha a forbraíodh chun timpeallachtaí beo a athrú agus chun athrú dearfach ar stíleanna maireachtála a spreagadh. Chuir an tOllamh Ivan Perry tús leis na léirithe le foramharc cuimsitheach ar iompar sláinte maidir le bia a athrú san ionad oibre.

Labhair an Dr. Diane Glasgow ar thaighde atá ar bun i dTuaisceart Éireann chun stíleanna maireachtála sláintiúla a spreagadh trí thionscnamh sláinte teaghlaigh. Labhair Mr. Kyle Ferguson ina dhiaidh sin ar thionscadal Field Labs i dTuaisceart Éireann inar fhorbairt taighdeoirí clós súgartha idirghníomhach. D'fhéach sé, leis, ar táirgí atá á bhforbairt ag cúig cinn de thíortha comhpháirtíochta chun gníomhaíocht fhisiciúil a spreagadh.

Labhair an tOllamh Simon Capewell linn ar Skype faoin tslí ar féidir linne mar ghairmithe sláinte leas a bhaint as ár gcuid oibre chun athrú a ghiniúint ag díriú ar a fhiúntaí a bheadh sé cáin a ghearradh ar dheochanna súilíneacha, an fhianaise a thacódh leis, agus na hacmhainní breise a chuirfeadh sé ar fáil a d'fhéadfaí a chur i leataobh le haghaidh tionscnaimh sláinte. Labhair an cainteoir deiridh, an Dr. Sorcha McKenna ar cad iad na cineálacha idirghabhála is éifeachtaí ó thaobh tionchair agus luach ar airgead.

# Oideachas

## Oibríonn *safe*food le geallsealbhóirí agus comhpháirtithe chun acmhainní nua a fhorbairt d'aoisghrúpaí éagsúla ar oileán na hÉireann.

85,000 - Líon na mbileog faoi bhosca lóin sláintiúil saor in aisce a scaipeadh ar bhunscoileanna.

3,437 - Líon na scoláirí dara leibhéal a rinne scrúdú sábháilteachta bia agus a ghnóthaigh cáilíocht a aithnítear sa tionscal.

16,932 - Líon na múinteoirí, oiliúnóirí agus scoláirí bunscoile agus meánscoile a thug cuairt ar an roinn oideachais de shuíomh gréasáin ***safe*food** i 2015.

1,254 - Líon na gcuairteanna ar Ghreamanna Beaga (Little Bites), an siopa ilfhreastail maidir le sábháilteacht bia, ailléirgéiní bia agus comhairle maidir le nósanna sláintiúla itheacháin do sholáthraithe luath-óige, ó seoladh é i 2015..

Leis na hathruithe ar an slabhra soláthar bia agus ar shlite maireachtála, tá sé tábhachtach oideachas a chur ar dhaoine óga maidir lena thábhachtaí atá sábháilteacht bia, sláinteachas bia agus cothú. Aithníonn ***safe*food** an ról riachtanach atá ag múinteoirí ó thaobh nósanna a chothú i ndaoine óga, nósanna a mhairfidh ar feadh a saoil.

# eatright.eu

Fágann suas le déagóir amháin as gach cúigear an scoil go róluath, agus is féidir tionchar diúltach a bheith aige sin ar an tsláinte fhadtéarmach, de bhrí go bhfuil baint idir eolas teoranta ar nósanna itheacháin sláintiúla agus gníomhaíocht fhisiciúil ar fhadhb an mhurtaill ar an oileán.

Seoladh eatright.eu i nDeireadh Fómhair 2014 agus é an chéad acmhainn uile-oileáin a dearadh chun cabhrú le lucht luathfhágála na scoile scileanna a shealbhú i sábháilteacht bia agus i nósanna sláintiúla itheacháin. Cuireadh an acmhainn chun cinn i bPoblacht na hÉireann ag Comhdháil Náisiúnta Foróige an 26 Feabhra i Leitir Ceanainn agus i TÉ trí ríomhfheasachán Chomhairle Náísiúnta Óige na hÉireann i mí Feabhra. Cuireadh chun cinn é, leis, ó cheann ceann 2015 ar na meáin shóisialta agus i ríomhphoist. D'oscail 1515 duine suíomh gréasáin eatright.eu i 2015 agus liostaigh os cionn 100 chun nuashonruithe breise a fháil ar an acmainn trí ríomhphost.

# Fóram Bhia sna Scoileanna

D'oibrigh ***safe*food**leis an bhfóram Bia sna Scoileanna (grúpa acmhainne) chun inneachar a chur ar fail do scoileanna i TÉ do Sheó Balmoral 2015. Díríodh ar bhainne agus ar mhil, agus bhí bileog gníomhaíochta ar bheacha agus ar mhil, a d'fhorbairt foireann chothaithe ***safe*food**, san áireamh ann. Bhí an t-inneachar, cuid de a taifeadfadh roimh ré agus cuid eile a taifeadadh beo ag Seó Balmoral, ar fáil ar c2k food@myschool fronter room.

# Greimeanna Beaga (Little Bites)

Seoladh 'Greimeanna Beaga' i 2015 do réamhscoileanna i bPoblacht na hÉireann i gcomhar le Luath-Óige Éireann. Tugadh 1,254 cuairt ar an acmhainn ar shuíomh gréasáin ***safe*food**.

# Bileog bosca lóin

Tugtar leideanna praiticiúla sa bhileog bosca lóin ar an tslí le lón sláintiúil de bhianna éagsúla a ullmhú agus scaipeadh iad ag uaireanta difriúla i 2015. Is slí é chun feasacht ar an rud is lón sláintiúil ann a chothú. Scaipeadh iad go príomha i mí Feabhra go comhuaineach le cláruithe agus iontralacha nua agus i mí Mheán Fómhair nuair a bhí páistí ag filleadh ar an scoil. Scaipeadh 85,000 cóip den bhileog i bPoblacht na hÉireann agus osclaíodh an acmhainn 1,336 uair ar an suíomh gréasáin. I dTuaisceart Éireann scaip an Public Health Agency an bhileog ar ranganna P1 agus osclaíodh an acmhainn 114 uair ar an suíomh gréasáin.

# *safe*food ar feadh an tSaoil

Is clár idirghníomhach saor in aisce é ***safe*food** a mhúíneann sábháilteacht bia as a leanann scrúdú deimhnithe i sláinteachas bia do mhic léinn. Faigheann mic léinn a n-éiríonn leo cailíocht a aithníonn an tionscal agus a chumasaíonn dóibh dul i mbun oibre i gnóthais láimhseála bia ar nós bialann, beáir ceapairí agus delicatessen.

| ***safe*food ar feadh an tsaoil 2015** | |
|---|---|
| **700** | scoil |
| **3,437** | Scrúduithe déanta |
| **15,000** | Mic léinn |

## Cad a bhíonn ar lipéad?

I 2014, cheap *safe*food an feachtas *'Cad a bhíonn ar lipéad?'('What's on a label?')* San acmhainn seo gheofar samplaí praiticiúla d'fhaisnéis laethúil a chuirtear ar fáil ar lipéid, chun cabhrú le daltaí roghanna eolacha agus roghanna níos sláintiúla a dhéanamh. Tugadh 161 cuairt i 2015 ar acmhainn TÉ agus 259 cuairt ar acmhainn Phoblacht na hÉireann ar shuíomh gréasáin *safe*food.

## Comhdháil INTO (Cumann Múinteoirí Éireann)

D'óstáil *safe*food seastán ag comhdháil Chumann Múinteoirí Éireann 2015 ón 2-3 Deireadh Fómhair, áit ar cuireadh ár n-acmhainní spraíúla idirghníomhacha oideachais chun cinn do bhreis is 350 príomhoide agus leas-phríomhoide bunscoile.

## Comhdháil ATHE (Cumann na Múinteoirí Eacnamaíocht Bhaile)

Bhí Comhdháil ag Cumann na Múinteoirí Eacnamaíocht Bhaile an 16–17 Deireadh Fómhair. Labhar an Dr. Charmaine McGown ar *safe*food agus d'óstáil *safe*food seastán leis an acmhainn lipéadaithe nuashonraithe a thaispeáint. Scaipeadh cóipeanna den acmhainn ar mhúinteoirí iar-bhunscoile ar eochtracha USB.

# Imeachtaí

### Chabhraigh imeachtaí *safe*food chun eolas a chomhroinnt idir gairmithe agus cuireadh chun cinn dá réir teachtaireachtaí sábháilteacht bia, sláinteachas bia agus teachtaireachtaí cothaithe do thomhaltóirí.

205 - Líon na dtoscairí a d'fhreastail ar Fhíordheimhniú Bia *safe*food: Comhdhálacha faoin tslí le do ghnóthais a chosaint ar chalaois bia, i mBaile Átha Cliath agus Béal Feirste.

2,500 - Líon na dtomhaltóirí a thug cuairt ar sheastán *safe*food ag Balmoral.

156 - Líon na dtoscairí a d'fhreastail ar chomhdhálacha de chuid an Fhóraim Gníomhaíochta Uile-Oileáin ar Mhurtall (All- island Obesity Action Forum) i mBaile Átha Cliath agus Béal Feirste.

12 - Líon na gcomhdhálacha, ceardlann agus seimineár a chuir Líonraí Eolais *safe*food ar fáil i 2015.

De bharr rannpháirtíocht *safe*food in imeachtaí áitiúla, náisiúnta agus idirnáisiúnta, díríodh aird na mílte tomhaltóirí, gairmithe sláinte agus oide spriocdhírithe agus an lucht léinn ar shábháilteacht bia, sláinteachas bia agus cothú.

## Seó Balmoral

Chuir *safe*food an Feachtar Murtaill Óige i láthair ag seó Balmoral le béim ar an teachtaireacht faoi dheochanna súilíneacha agus spreagadh teaghlaigh chun bheith níos gnaíomhaí inár dtionscnamh 'An Súgradh a Thabhairt ar Ais' (*'Bring Back Play'* ). Thug 2,500 duine nó mar sin ar an seastán sna trí lá idir 13–15 Bealtaine.

Bhí cluiche chleas na bacóide leagtha amach ar spás urláir an taispeántais le go bhféadfadh tuismitheoirí agus leanaí é a imirt, mar aon le dushlán Hula-hoop féachaint cé a d'fhéadfadh leanúint ar aghaidh leis ar feadh 30 soicind nó níos faide. Bhí téada scipeála, liathróidí peile agus preabairí spéis ar fáil ag an seastán chun gníomhaíocht fhisiciúil a spreagadh.

Bhí an ghrafaic faisnéise maidir le deochanna súilíneacha mar bhonn le teachaireacht an tseastáin faoi dheochanna, mar ar iarradh ar chuairteoirí an méid siúcra atá i ndeochanna coitianta a aithint, tríd a chomhionann i gciúbaí siúcra a chur taobh le gach deoch.

Díríodh ar thuismitheoirí agus ar sheantuismitheoirí agus mhéadaigh líon na gcuairteanna i gcomórtas le anuraidh. Scaipeadh os cionn 350 cóip dár mbileog ar dheochanna súilíneacha agus 200 dár mbileog feachtais 'Meáchan do Linbh' (Your Child's Weight'). Ar na polaiteoirí a thug cuairt ar an seastán bhí an Leas-Phríomh Aire, Martin McGuinness, Ball de choiste sláinte na Comhdhála, Jo-Anne Dobson, agus MEP na nAondachtóirí Uladh, Jim Nicholson.

## Barántúlacht bia: Do ghnóthas a chosaint ar chalaois bia

Ag an seimineár, a eagraíodh i gcomhpháirtíocht le Teagasc agus Ollscoil na Banríona, Béal Feirste, comhroinneadh léargas nua ar an tslí le calaois bia a chomhrac agus gnóthas a chosaint. Comhroinneadh dul chun cinn a rinneadh le deireanas i monatóireacht, brath agus cosc calaois bia. I measc na bpríomhchainteoirí bhí an tOllamh Chris Elliott, QUB, an Dr. David Hammond, saineolaí Eurofins agus Europol ar chalaois bia. D'fhreastail os cionn 105 toscaire ar an ócáid i mBaile Átha Cliath an 26 Meitheamh.

Bhí an dara imeacht ar an topaic chéanna i mBéal Feirste an 12 Samhain. I measc na bpríomhchainteoirí bhí an tOllamh Chris Elliot, Ollscoil na Banríona, Béal Feirste, a phléigh a thábhachtaí a bhí Tuarascáil Elliott don gheilleagar agrai-bhia ar an oileán, go háirithe tionscal na feola deirge, agus phléigh Ms. Lynn Patterson, ó LP Associates cur chuige bunaithe ar mheasúnú i leith measúnaithe ar

leochaileacht is gá do gach cuideachta déantúsaíochta bia a dhéanamh anois. Bhí 100 toscaire ó gach cuid de thionscal an bhia i láthair ag an ócáid seo.

## Comhchruinniú NIFAC/FSCC

Tugadh cuireadh do ***safe*food** léiriú a dhéánamh ar comhchruinniú de Choiste Comhairle Bia Thuaisceart Éireann (NIFAC) agus den Chomhairle Comhairliúcháin sábháilteacht bia (FSCC) i nDún Dealgan i mBealtaine. Pléann an FSCC ceisteanna i ndáil le sábháilteacht bia agus cuireann comhairle ar Bhord an FSAI. Feidhmíonn a NIFAC mar chomhlacht neamhspleách comhairle do Ghníomhaireacht Thuaisceart Éireann um Chaighdeáin Bia i mBéal Feirste agus is é a ról comhairle a chur ar an nGníomhaireacht i dtaca le sábháilteacht bia agus caighdeáin.

Thug an Dr. James McIntosh léiriú ar thosaíochtaí oibre ***safe*food** anois agus feasta. Cuireadh an-spéis sna Tionscnaimh Bia Pobail.

## Siompóisiam Murtaill agus Ailse Chumann Ailse na hÉireann

Ba í an Dr. Marian Faughnan, Príomhspeisialtóir i gCothú ag ***safe*food**, a thug an chéad chaint ag siompóisiam an 16 Meán Fómhair inar leagadh béim ar an staid reatha ar ona. Aibhsíodh feachtas murtaill óige ***safe*food**, a thábhachtaí atá an t-aiste bia chun ailse a chosc agus taighde ábhartha.

## Athbhreithniú ar na Treoirlínte do Nósanna Sláintiúla Itheacháin

Bhí ***safe*food** páirteach i ngrúpa ar iarr an Roinn Sláinte orthu na príomhtheachtaireachtaí faoi nósanna sláintiúla itheacháin agus biachláir a fhorbairt do Phoblacht na Éireann, bunaithe ar thaighde ar an gciseán de bhia sláintiúil.

Líonraí Gairmiúla

---

16 Aibreán
Comhdháil Bhliantúil Líonra *Salmonella* – Bainistíocht an tslabhra sholáthair i dtionscal na feola agus na déiríochta
D'fhreastail 71 toscaire ar an gcomhdháil.

21 Aibreán
Líonra Tearcrochtain Bia Uile-Oileáín – Tearcrochtain Bia – Faisnéis maidir le Gníomhú
D'fhreastail 67 toscaire ar an gcomhdháil.

20 Bealtaine
Ionad Taighde Bia Teagasc, Corcaigh
Comhdháil Bhliantúil Líonra Listeria – Rioscaí maidir le paitigin i mbia a bhainistiú agus a chur in iúl
D'fhreastail 76 toscaire ar an gcomhdháil.

3 Meitheamh
Stormont Hotel, Béal Feirste
Fóram um Ghníomhaíocht Murtaill Uile-Oileáin – Idirghabháil le minicíocht an mhurtaill a laghdú
D'fhreastail 83 toscaire ar an gcomhdháil.

11 Meitheamh
Malone Lodge Hotel, Béal Feirste
Comhdháil Líonra Eolais Bith-thocsainí – An forluí idir an cheimic anailíseach agus an tocsaineolaíocht
D'fhreastail 60 toscaire ar an gcomhdháil.

24 Meán Fómhair
Four Seasons Hotel, Muineachán
Comhdháil Líonra Eolais – Rialú *Campalabaictéir*: Ceardlann Oiliúna
Bhí os cionn 100 toscaire i láthair, arbh saothróirí éineola mórchuid díobh.

29 Deireadh Fómhair
Radisson Blu Hotel, Gaillimh
Comhdháil Líonra Eolais – Éadulaingt Bia: Comhdháil faoi Dhúshláin agus Forbairtí
D'fhreastail 50 toscaire ar an gcomhdháil.

10 Samhain
Crowne Plaza Hotel, Baile Átha Cliath
Comhdháil Líonra *VTEC*

D'fhreastail 90 toscaire ar an gcomhdháil.

10 Samhain 2015
The Gibson Hotel, Baile Átha Cliath.
Ócáid Fóraim Ghníomhaíochta Murtaill Uile-Éireann – Timpeallachtaí atá ag athrú, iompar nár mhór a athrú

D'fhreastail 59 toscaire ar an gcomhdháil.

## Oideachas

2–3 Deireadh Fómhair
Newpark Hotel, Cill Chainnigh

**D'óstáil *safe*food** seastán ag comhdhail 2015 Chumann Múinteoirí Éireann ar fhreastail os cionn 350 príomhoide agus leas-phríomhoide bunscoile air.

16-17 Deireadh Fómhair
Comhdháil ATHE (Cumann na Múinteoirí Eacnamaíocht Bhaile)

Labhair ***safe*food** ag an gcomhdháil seo i mBaile Átha Luain. Thug an Dr. Charmaine McGowan léiriú ar fheachtais aigéad folach agus murtall óige ***safe*food**.

## Oiliúint agus ceardlanna

12 Deireadh Fómhair – 25 Samhain

Ceardlanna Oiliúna in Ailléirgíní Óige

12 Deireadh Fómhair
Glasshouse Hotel, Sligeach

14 Deireadh Fómhair
Clayton Hotel, Baile Átha Cliath

15 Deireadh Fómhair
Athlone Springs Hotel, Baile Átha Luain,

21 Deireadh Fómhair
Vienna Woods Hotel, Corcaigh

22 Deireadh Fómhair
Luath-Óige Éireann, Baile Átha Cliath

18 Samhain
Early Years HQ, Béal Feirste

25 Samhain
Silverbirch Hotel, An Ómaí

D'óstáil ***safe*food**, i gcomhar le Luath-Óige Éireann, ceardlanna oiliúna in ailléirgíní bia curtha in oiriúint do riachtanais soláthraithe cúraim luath-óige líne thosaigh.

D'fhreastaill 188 soláthraí luath-óige ar na hocht gceardlann.

1 Nollaig
The Gibson Hotel, Baile Átha Cliath.
Ceardlann maidir le Víris Bia-Iompartha a Rialú

D'fhreastail os cionn 100 ionadaí ó thionscal an bhia ar an gceadlann. Ina measc bhí táirgeoirí bia, baill den tionscal lónadóireachta, rialálaithe, taighdeoirí, lucht léinn agus daoine ó ranna rialtais.

## Seimineáir

26 Meitheamh
Barántúlacht bia: Do ghnóthas a chosaint ar chalaois bia

Bhí 120 toscaire ó gach cuid de thionscal an bhia i láthair ag an ócáid seo.

16 Meán Fómhair
Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath

Siompóisiam Murtaill agus Ailse Chumann Ailse na hÉireann

Ba í an Dr. Marian Faughnan, Príomhspeisialtóir i gCothú ag ***safe*food**, a thug an chéad chaint inar leagadh béim ar an staid reatha ar oileán na hÉireann agus a thábhachtaí atá an t-aiste bia chun ailse a chosc.

18 Meán Fómhair
Clár Riosca a fhorbairt do na hearnálacha muiceola agus éaneola ar oileán na hÉireann:

Chuir ***safe*food** bunachar sonraí Clár Riosca i láthair, i gcomhar le hOllscoil na Banríona, Béal Feirste, An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, agus Teagasc, a chabhróidh le cuideachtaí a bheith cothrom le dáta leis na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann do bhia sna comhábhair a fhoinsíonn siad.

2 Samhain
Ramada Plaza Hotel, Béal Feirste

Barántúlacht bia: Do ghnóthas a chosaint ar chalaois bia

Bhí 100 toscaire ó gach cuid de thionscal an bhia i láthair ag an ócáid seo.

Promóisean

21 Feabhra
Thrasnaigh 16 ball foirne de ***safe*food** an líne dheireanach mar aon 8,000 de lucht leanúna Operation Transformation i mBaile Átha Cliath agus i gCorcaigh.

25-27 Feabhra
Comhairle Náisiúnta Ógtheagmhála

Chomhroinn comhordaitheoir Ógtheagmhála le lucht luathfhágála na scoile a thaithí ar acmhainn eatright.eu de chuid ***safe*food** a úsáid.

13-15 Bealtaine
Páirc Balmoral, Lios na gCearrbhach

Seó Balmoral

Thug 2,500 duine nó mar sin cuairt ar sheastán ***safe*food**.

Corparáideach:

27 Bealtaine
Ballymascanlon House Hotel, Dún Dealgan
Cruinniú den Choiste Comhairle Bia Thuaisceart Éireann (NIFAC)/Comhairle Comhairliúcháin sábháilteacht bia (FSCC)
Thug safefood léiriú ag ócáid NIFAC agus FSCC ag a bpléitear saincheisteanna sábháilteachta agus ag a gcuirtear comhairle ar bhord FSAI.

18 Meitheamh
Phéinteáil foireann ***safe*food** na háiteanna comhchoiteanna go deonach.

# Feachtais

## Cuireann *safe*food príomhtheachtaireachtaí na heagraíocha chun cinn do thomhaltóirí le feachtais chomhtháite cumarsáide.

+26% - An méadú ar dhíolacháin aigéad folach le linn feachtas ***safe*food** in 2015 i gcomparáid leis an mbliain roimhe.

81% - Céatadán na bhfreagóirí a dúirt go raibh eolas nua i dtaobh sábháilteacht bia sa bhaile san áireamh san fheachtas sábháilteacht bia.

23,000 - Líon na ndaoine a d'íoslódáil feidhmchlár cailliúna meáchain ***safe*food** ó seoladh é i 2015.

64% - Céatadán na bhfreagóirí a d'aontaigh go mbíonn tionchar ag easpa codlata ar shláinte leanaí.

Cuirtear ár bpríomhtheachtaireachtaí maidir le sábháilteacht bia, sláinteachas bia agus cothú in iúl le meascán d'fhógraíocht, caidreamh poiblí, margaíocht dhíreach, meáin dhigiteacha agus shóisialta, imeachtaí, foilseacháin, urraíocht agus suíomh gréasáin ***safe*****food**..

# Feachtas murtaill óige

| **Dhírigh feachtas *safe*food's chun dul i ngleic le murtall óige ar chabhrú le tuismitheoirí:** |
|---|
| Deochanna níos sláintiúla a roghnú<br>Sciaranna oiriúnach bia a thuiscint<br>Nósanna siopadóireachta a athrú<br>A bheith níos gníomhaí<br>Níos lú bianna milse a thabhairt dá bpáistí<br>Gnáthamh am leapa agus uaireanta cuí codlata a chur i bhfeidhm |

I Aibreán 2015 sheol ***safe*****food** teachtaireacht nua faoi fheachtas uileghabhálach Murtall Óige. Dhírigh céim na teachtaireachta 'codlata' ar fheasacht a chothú i measc tuismitheoirí ar an a idir easpa codlata agus murtall; leideanna ar an tslí le gnáthamh dul a luí a cheapadh, agus an gá le ham scáileáin páistí a laghad. Taispeánann an nasc idir codladh agus murtall gur lú seans go mbeidh daoine a fhaigheann codladh maith oíche murtallach.

Mhisnigh an feachtas tuismitheoirí chun gnáthamh dul a luí a cheapadh dá bpáistí agus 'crios saor ó scáileáin' a dhéanamh de sheomraí codlata trí fóin agus táibléid a thógáil amach istoíche le cinntiú go bhfaigheann páistí codladh maith ar mhaithe lena bhfás agus a bhforbairt.

Fuarthas i suirbhé ar líne de chuid ***safe*****food** gur mheas dhá thrian nach de thuismitheoirí (63%) nach bhfuair a gcuid leanaí dóthain codlata. Taispeánann an taighde go bhfuil baint idir codladh agus murtall i leanaí. Fuarthas in 11 déag de staidéir idirnáisiúnta[2] go raibh 58% de mhéadú ar an riosca murtaill ann i gcás leanaí a raibh níos lú ná 11 uair an chloig codlata acu. Taispeánadh gur laghdaíodh an riosca de 9% i gcás gach uair an chloig breise codlata.

Ritheadh an feachtas ar an teilifíse, ar an raidió agus i bhfógraíocht dhigiteach agus bhí tacú ann dó ar shuíomh gréasáin ***safe*****food**, Facebook agus Twitter leis an haischlib #its bedtime. Thug an suíomh gréasáin leideanna, comhairle agus tacú praiticiúil ó shaineolaithe sláinte do thuismitheoirí ar an tslí le gnáthamh maith dul a luí a cheapadh dá leanaí.

Ar na buaicphointí bhí clúdach leathan sna meáin lena n-áirítear trí seachtaine as a chéile in Health Plus – Irish Times, léiriú ar BBC Breakfast News, clúdach sna nuachtáin agus i seónna raidió náisiúnta.

I Meitheamh agus arís i Meán Fómhair chuir an feachtas an teachtaireachta 'codlata' i láthair i dteannta na teachtaireachta roimhe sin de 'méideanna sciar bhia a rialú'.

| **Tionchar an fheachtais** | | |
|---|---|---|
| **PÉ** | **TÉ** | |
| 74% | 76% | a dúirt go raibh faisnéis nua sna fógraí |
| 75% | 71% | a dúirt gur thug sé tuiscint dóibh ar an mbaint idir am scáileáin agus meáchan a linbh |
| 1 as gach 4 | | -- líon na dtuismitheoirí a smaoinigh ar athruithe a dhéanamh chun an méid codlata a fhaigheann a leanbh a mhéadú agus an méid céanna a rinne an iarracht iarbhír |

# Feachtas um fheasacht ar aigéad folach

Chun círiú ar an méadú ar ráta na bhfabhtaí néarfheadáin agus na bacainní iompair ar aigéad folach a chaitheamh, sheol ***safe*food** feachtas feasachta uile-oileáin i mí Iúil. Ba é 'Tá na fíricí faoi fholach ar eolas ag báibíní' 'Babies know the facts about Folic' agus is trí mheáin dhigiteacha agus sóisialta a cuireadh i láthair é, le tacú, leis, ó fheachtas caidrimh shóisialta, margaíocht mhiondíola i siopaí chomh maith le caidreamh geallsealbhóra le carthanais Spina Bifida & Hidriceifilis.

De bhrí gur toirchis neamhphleanáilte iad leath nó mar sin de thoirchis, dhírigh an feachtas ar gach bean atá gníomhach go gnéasach agus a d'fhéadfadh éirí torrach (fiú agus réamhchúraimí frithghiniúnacha á ndéanamh acu).

Áiríodh ar spriocghrúpaí an fheachtais:

Mná óga nach bhfuil gníomhach go gnéasach ach atá ag smaoineamh ar leanbh a bheith acu

Mná atá ag smaoineamh ar leanbh a bheith acu

Mná a bhfuil leanbh/leanaí acu, a d'fhéadfadh leanbh eile a bheith acu ach bhfuil ag caitheamh aigéad folach.

| **Ba é cuspóir an fheachtais:** |
|---|
| • Oideachas a chur ar mhná faoi cé hiad na daoine ar chóir dóibh a bheith ag caitheamh aigéad folach – gach bean atá gníomhach go gnéasach agus a d'fhéadfadh éirí torrach.<br>• Béim a leagan ar na sochair a ghabhann le forlíonadh aigéad folach a chaitheamh.<br>• Dearcaí tomhaltóirí i leith caitheamh aigéad folach a athrú.<br>• Comhrá a chothú mar gheall a chaitheamh agus an stiogma mar gheall air a laghdú<br>• Níos mó ban atá gníomhach go gnéasach agus a d'fhéadfadh éirí torrach a spreagadh chun forlíonadh aigéad folach a chaitheamh, is cuma an bhfuil siad ag beartú éirí torrach nó nach bhfuil. |

De bhrí gur cuireadh an feachtas i láthair go príomha ar chaineáil meán digiteach agus sóisialta, bhí gá le smaoineamh cruthaitheach chun comhrá a thionscnamh, an lucht éisteachta a mhealladh, agus feasacht a mhéadú ar shlí a chuirfeadh daoine ag smaoineamh agus a bheadh in-chomhroinnte ar na meáin shóisialta.

Dhírigh smaoineamh an fheachtais 'Tá na fíricí faoi fholach ar eolas ag báibíní' 'Babies know the facts about folic' ar an bpobal a mhealladh le greann agus díriú ar na príomhbhacainní ar athrú iompair i dtaca le haigéad folach a chaitheamh.

Cruthaíodh gearrthóga físeán mar bhunús leis an bhfeachtas. Bhí gnaois oidhreachtúil máithreachta agus ciall cheannaigh an linbh araon le sonrú sna beochana. Rinne ***safe*food** taighde foirmitheach chun smaointe an fheachtais a thriail ar an sprioclucht eisteacha agus rinneadh trialacha roimh ré le hionadaithe ó SHINE, carthanas na bhfabhtaí néarfheadánra i dTuaisceart Éireann.

Foilsíodh meastóireacht ar an bhfeachtas i nDeireadh Fómhair, le torthaí dearfacha. Thuairiscigh mórchuid cógaslann agus déantúsóirí rannpháirteacha méadú ar dhíolacháin d'fhorlíontaí aigéad folach. Tugadh athrú iompair chun suntais de bharr an fheachtais. Léirigh an taighde roimh an fheachtas nár chaith ach 7.3 faoin gcéad de mhná forlíontaí aigéad folach de ghnáth cé nach raibh toircheas á bheartú acu cé gurbh eol dóibh gur chóir do gach bean a bhí gníomhach go gnéasach forlíonadh a chaitheamh. Mhéadaigh seo go 14.5 faoin gcéad tar éis an fheachtais.

| **Tionchar an fheachtais** | |
|---|---|
| **+26%** | Mhéadú díolacháin d'aigéad folach 26% ar an mean, i gcomórtas leis an tréimhse chéanna i 2014, i measc cógaslann agus déantúsóirí. |
| **+7.2%** | Mhéadaigh céatadán na mban a chaitheann forlíontaí d'aigéad folach de ghnáth ó 7.3% go 14.5%. |

| **Bhuaigh an feachtas duais don fheachtas margaíochta ab fhearr ar duaiseanna ríomhrialtais 2015.** |
|---|
| Osclaíodh na leathanaigh aigéad folach ar an ngréasán 33,481 uair<br>Bhí 3,366 amharc ar fhíseáin bheoite ar YouTube |

135 mhír de chlúdach caidrimh phoiblí ar oileán na hÉireann (teilifís, raidió, prionta, digiteach)
Os cionn 830 000 amharc ar phostálacha Facebook le 20 000 teagmháil
256 000 amharc ar phostálacha Twitter le 5 000 teagmháil

## sábháilteacht bia 'Éist le glór na sábháilteachta bia'

D'fhorbair ***safe*food** feachtas dhá bhliain chun feasacht a mhéadú agus tacú le hathrú réamhghníomhach ar iompar inár sprioc lucht éisteachta a d'fhéadfadh a bheith aineolach ar an tslí ina bhféadfadh iompar bia teaghlaigh iad féin agus daoine muinteartha leo a chur i mbaol ó nimhiú bia.

Seachas díriú ar lucht éisteachta leathan, ghlac ***safe*food** cur chuig saincheaptha agus díríodh orthu siúd is mó atá i mbaol ó nimhiú bia de bharr a gcéim den saol nó a nósanna. Is iad daoine fásta os cionn 65 an sprioclucht éisteachta san fheachtas seo.

Is iad an óige, daoine scothaosta, iad siúd a bhfuil staid mhíochaine acu agus mná torracha is mó atá i mbaol ó nimhiú bia.

'Éist le glór na sábháilteachta bia' ('Listen to the voice of food safety') ba theideal dó agus forbraíodh é hionchur ón sprioclucht éisteachta. Dhírigh an feachtas thras-éilliú, cuisniú agus glanadh, agus chuimsigh se fógraíocht ar an teilifís, raidió, ar líne, póstaeir lasmuigh agus fógraí in ollmhargaí. Baineadh úsáid as straplíne "Foresee the Risks' Bíodh an Baol ar Eolas' chun cabhrú le hathghlaonna agus teachtaireachtaí an fheachtais a neartú.

Seoladh an feachtas i Samhain 2015 agus measfar é an bhliain seo chugainn

## Operation Transformation

Bhí an t-ochtú sraith d'Operation Transformation, faoi urraíocht ***safe*food** ar RTÉ1 ó 7 Eanáir ar feadh ocht seachtaine as a chéile ar oícheanta Céadaoin agus Déardaoin. Is é aidhm an chláir daoine a spreagadh le meáchan a chailliúint, a bheith níos féinmhuiníní agus athruithe dearfacha a dhéanamh ar a n-aiste bia agus stíl mhaireachtála chun a bheith níos sláintiúla.

Bhí teachtaireachtaí urraithe de chuid ***safe*food** maidir le 'sciaranna níos lú bia' agus 'deochanna súilíneacha a laghdú' ag gabháil leis an seó ar an teilifíse agus cuireadh tacú ar fáil sna meáin shóisialta le linn gach eispeasóid den chlár.

Thaispeáin taighde Omnibus tar éis na sraithe gur fhéach duine fásta amháin as gach triúr eipeasóid amháin ar a laghad agus gur mhaígh duine amháin as gach cúigear gur chaill siad meáchan le linn threimhse an tseó. Bheith níos gníomhaí agus bia níos sláintiúla a ithe ab ea na hathruithe ba mhór a tuairiscíodh ar stíl mhaireachtála uathu siúd.

## Feidhmchlár cailliúna meáchain '*Weight-mate*'

D'fhorbairt ***safe*food** feidmchlár nua cailliúna meáchain saor in aisce d'fhóin chliste i 2015, chun cabhrú le daoine meáchan a chailliúint ar shlí shláintiúil. De réir an taighde tá duine amháin as gach triúr daoine fásta (35%) in Éirinn ag iarraidh meáchan a chailliúnt, tá beirt as gach triúr, beagnach (61%) murtallach, agus cosnaíonn an murtall €1.64 billiún ar an tír.

# Oibríochtaí Corparáideacha

### Tá ról tábhachtach tacaíochta ag an Stiúrthóireacht Oibríochtaí Corparáideacha i dtaca le cláir agus gníomhaíochtaí a chur ar fáil ar fud na heagraíochta.

7 - Líon na gcruinnithe den Bhord Comhairleach i gcaitheamh na bliana.
9 - Is saineolaithe iad na naoi mball ar Choiste Comhairleach ***safe*food** agus tá raon leathan saineolais ghairmiúil, taithí agus cúlraí acu.
1ú - Rinneadh Measúnú ar Thionchar ar Phríobháideacht i gcás chéad fheidhmchlár ***safe*food**, '*weight - mate'*.
200 - I gcomhpháirtíocht le Comhairle Náisiúnta na nDall, d'aistrigh ***safe*food** acmhainní maidir le sábháilteacht bia agus nósanna sláintiúla itheacháin go formáidí fuaime agus Braille agus scaipeadh 200 cóip.

Ar na seirbhísí a cuireadh ar fáil bhí seirbhísí airgeadais, soláthair, acmhainní daonna, TF, seirbhísí dlí, rialachais agus iniúchóireachta. Rannchuidíonn na seirbhísí sin ar fad chun spriocanna ***safe*food** a bhaint amach go héifeachtach.

## An Bord Comhairleach

Bhí seacht gcruinniú ag an mBord Comhairleach i 2015, cúig cinn i mBaile Átha Cliath, ceann i gCorcaigh agus ceann in Inis Ceithleann. Le cois léirithe agus seisiúin mhionteagaisc inmheánacha ó fhoireann ***safe*food**, tugadh cuireadh d'aoichainteoirí éagsúla chun cur i

láthair a dhéanamh os comhair an Bhoird ar thopaicí ar nós iompar tomhaltóirí, a thábhachtaí atá an bhithéagsúlacht talmhaíochta Éireannaí; slándáil bia; micreabiotaigh agus ar 'Comhthéacs Eacnamaíoch do Thionscal an Agraibhia' ( *'Economic Context for Agri - Food Industry'*).

Chuaigh téarma oifige gach ball den Bhord in éag i Nollaig 2015. D'athcheap an Chomhairle Aireachta Thuaidh Theas naonúr ball do théarma bliana eile agus ceapadh triúr ball nua – beirt do théarma trí bliana agus duine amháin do théarma bliana.

## An Coiste Iniúchóireachta

Beirt bhall den Bhord Comhairleach mar aon le beirt bhall seachtrach atá ar an gCoiste Iniúchóireachta. Téann duine amháin de na baill sheachtracha i gceannas ar chruinnithe. ag an mbeirt bhall seachtrach den choiste. Bhí ceithre chruinniú ag an gCoiste Iniúchóireachta in 2015. Fostaíonn an Coiste Iniúchóireachta iniúchóirí gairmiúla seachtracha chun clár iniúchtaí seachtracha a dhéanamh agus athbhreithnítear go rialta an clár riosca féachaint a iomláine atá sé agus le cinntiú go mbíonn gach beart cuí chun rioscaí a rialú agus a mhaolú i bhfeidhm. Athbhreithníodh téarmaí tagartha Choiste Iniúchóireachta ***safe*food** i 2015 le cinntiú go léiríonn siad dea-chleachtas sa dá dhlínse.

## Coiste Comhairleach ***safe*food**

Eagraíodh an 9 cruinniú de Choiste Comhairleach ***safe*food** i mBaile Átha Cliath i nDeireadh Fómhair. Thug beirt aoi-chainteoirí léirithe. Thug Mr. Robin Irvine, iar-uachtarán Chumann Trádála Gránaigh Thuaisceart Éireann léiriú ar fhorbairt choincheap an Dúin bhia i dTuaisceart Éireann chun an slabhra soláthair beathaigh a chosaint. Leanadh é sin le léiriú ó Ms. Maureen Mulvihill, Ceann Chothú na Sláinte le Foras Croí na hÉireann, a phléigh an soláthar bia in iar-bhunscoileanna agus a indéanta a bheadh sé duais náisiúnta do lónadóireacht shláintiúil a thairiscint.

Mar ullmhúchán do shé cinn de scor ón gCoiste Comhairleach i Samhain 2015, foilsíodh cuireadh ar léirithe spéise i mballraíocht sna meáin chlóite agus ar shuíomh gréasáin earcaíocht sa dá dhlínse. In Eanáir 2016, d'athcheap an Chomhairle Aireachta Thuaidh Theas ball amháin agus ceapadh ceathrar ball nua den Chomhairle Comhairleach ar feadh téarma trí bliana.

## Comhionannas

I 2014, i gcomhpháirtíocht le Comhairle Náisiúnta na nDall, d'aistrigh ***safe*food** acmhainní maidir le sábháilteacht bia agus nósanna sláintiúla itheacháin go formáidí fuaime agus Braille agus scaipeadh 200 cóip. Tar éis dul i dteagmháil leis an Royal National Institute of Blind People (RNIB) i mBéal Feirste agus le Libraries NI, sholáthair ***safe*food** na hacmhainní seo i bhformáid leabhair fuaime leis, agus scaipeadh iad ar gach leabharlann i TÉ agus ar an RNIB.

Déanann ***safe*food** athbhreithnithe rialta ar a ghealltanais agus a bheartais comhionannais agus cinntíonn sé go gcuirtear an Tuarascáil Bhliantúil ar Chomhionannas agus an Tuarascáil ar an bPlean um Ghníomhaíocht Míchumais isteach go tráthúil chuig an gCoimisiún Comhionannais (TÉ). Faoi chlár earcaíochta ***safe*food**, tugtar spreagadh do dhaoine faoi mhíchumas cur isteach ar phoist.

## Cosaint Sonraí

Ba chloch choirnéil iad reachtaíocht AE a bheas ann go luath agus saincheisteanna eile a tháinig chun cinn le déanaí maidir le cosaint sonraí agus údair imní faoi phríobháideacht agus na beartais á n-athbhreithniú agus bearta cosanta sonraí a chur chun feidhme ag ***safe*food**. Rinneadh Measúnú mionsonraithe Tionchair ar Phríobháideacht i 2015 maidir lenár bhfeidhmchlar nua 'weight-mate', a seoladh go luath i 2016.

## Acmhainní Daonna

Ag éirí as athruithe suntasacha ar an Scéim Pinsin Thuaidh/Theas, chaith foireann ***safe*food** mórchuid ama ag cur na n-athruithe san áireamh i 2015. Éascaíodh cruinnithe chun na hathruithe beartaithe agus a n-impleachtaí a mhíniú don fhoireann.

## Pleananna Corparáideacha agus Gnó

Eisíodh Plean Corparáideach 2015 don dá roinn urraithe i Lúnasa 2015 agus cheadaigh an Chomhairle Aireachta Thuaidh Theas é i mí na Nollag. Cuireadh tús leis an obair i dtreo dheireadh 2015 ar an chéad phlean corparáideach trí bliana (2017-2020) a thiomsú agus a dhréachtú.

## Comhpháirtíocht i mbun oibre

Mar a aibhsíodh inár dTuarascáil Bhliantúil, oibríonn ***safe*food** i gcónaí go dlúth agus i gcomhpháirtíocht leis na geallsealbhóirí uile atá ag iarraidh sábháilteacht bia, cothú agus nósanna sláintiúla itheacháin a chur chun cinn le tomhaltóirí ar ona.

Síníodh Meabhrán Tuisceana ceithre-chodach idir an Roinn Sláinte (TÉ), an Ghníomhaireacht um Shláinte Phoiblí, Gníomhaireacht Thuaisceart Éireann um Chaighdeáin Bia agus ***safe*food** ar an 13ú Samhain 2015. Áirítear anseo moltaí do chruinnithe ráithiúla de na foirne cumarsáide agus beartais, cruinnithe leathbhliana de na príomhfheidhmeannaigh agus cruinnithe bliantúla stráitéiseacha

agus pleanála gnó.

Bhí comhcheardlann pleanála ag an nGníomhaireacht Sláinte Poiblí, Gníomhaireacht Thuaisceart Éireann um Chaighdeáin Bia agus ***safe*****food** in Ionad Comhdhála agus Gnó an Chnoic i mBéal Feirste an 4 Meitheamh 2015. Ba é aidhm na ceardlainne smaointe a ghiniúint i dtaobh tionscadal comhoibritheach a d'fhéadfaí a chur chun feidhme agus a dhíreodh ar riachtanas nach féidir le haon ghníomhaireachta ar leith é a chomhlíonadh. D'aontaigh na trí ghníomhaireacht clár nósanna sláintiúla itheacháin don áit oibre a fhorbairt i 2016, a dhíreodh ar thionchar dearfach a imirt ar nósanna itheacháin foirne trí chláir feasachta agus trí bhianna sláintiúla a dhéanamh níos infhaighte san ionad oibre.

## Cruinniú Coiste Oireachtais

Tar éis cuireadh a fháil ó Chathaoirleach an Chomhchoiste Oireachais ar Chur chun feidhm Chomhaontú Aoine an Chéasta, Frank Feighan TD, d'fhreastail ***safe*****food** ar chruinniú in Aibreán chun comhar Thuaidh / Theas ar shábháilteacht bia a phlé mar aon le tionscnaimh chun nósanna sláintiúla itheacháin agus murtall a chomhrac.

## Cruinnithe den Chomhairle Aireachta Thuaidh Theas

D'fhreastail ***safe*****food** ar chruinniú den Chomhairle Aireachta Thuaidh Theas ar Shláinte agus Sábháilteacht Bia in Aibreán 2015. Ba é an tAire Sláinte (TÉ) Jim Wells, MLA agus Michelle O'Neill, MLA, a bhí sa chathaoir. Ba iad ionadaithe Rialtas na hÉireann an tAire Sláinte, Leo Varadkar, TD agus an Dr. James Reilly, TD, Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige. Rinne ***safe*****food** socruithe le go ndéanfadh an tOllamh Chris Elliott (Ollscoil na Banríona, Béal Feirste) cur i láthair ar 'Sábháilteacht agus Inrianaitheacht Bia - riachtanas uile-oileáin' (*Food Safety and Traceability – an all - island imperative')*.Chuir an PF agus Cathaoirleach an Bhoird Chomhairligh foramharc ar fáil ar ghnóthachtálacha ardleibhéal i gcomórtas le spriocanna agus nuashonruithe sa Phlean Gnó ar fheachtais ó 2014 agus chuir sé an dul chun cinn agus spriocanna agus cuspóirí 2015 in iúl.

## Cuairt an Aire Stáit ar cheannoifig *safe*food.

Thug an tAire Stáit um Fhorbairt, Cur chun cinn na Trádála agus Comhar Thuaidh / Theas ag an Roinn Gnóthaí Eachtracha, Seán Sherlock, TD, ar oifigí ***safe*****food** i gCorcaigh an 17 Aibreán mar ar chas sé ar an bPF agus an fhoireann.

## Ráitis Airgeadais


| | |
|---|---|
| Réamhrá leis na Cuntais | **30** |
| Ráiteas ar Fhreagrachtaí an Bhoird um Chur Chun Cinn na Sábháilteachta Bia (an Bord) | **32** |
| Ráiteas ar an Rialú Inmheánach | **33** |

| | |
|---|---|
| Deimhniú na nArd-Reachtairí Cuntas agus Ciste chuig Comhdháil Thuaisceart Éireann agus chuig Tithe an Oireachais | **34** |
| Cuntas Ioncaim agus Caiteachais | **36** |
| Ráiteas ar na Gnóthachain agus na gCaillteanais Aitheanta Iomlána | **37** |
| Clár Comhardaithe | **38** |
| Ráiteas ar an Sreabhadh Airgid | **39** |
| Nótaí ag gabháil leis na Cuntais | **40** |
| Aguisín 1 - Ordú na gCuntas | **53** |


# Réamhrá leis na Cuntais

## 1. Leagan amach

Ullmhaíodh na cuntais seo i bhfoirm a d'ordaigh an Roinn Sláinte (Tuaisceart Éireann) (an Roinn Sláinte, Seirbhísí Sóisialta agus Sábháilteacht Phoiblí, tráth) agus an Roinn Sláinte (Poblacht na hÉireann) le ceadú na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (Poblacht na hÉireann), agus de réir shocruithe airgeadais Chuid 7 d'Iarscríbhinn 2 leis an Acht um Chomhaontú na Breataine na hÉireann 1999 agus an Ordaithe um Chomhar Thuaidh Theas (Comhlachtaí Feidhmiúcháin) (Tuaisceart Éireann) 1999.

## 2. Eolas Cúlra

Comhlacht Feidhmiúcháin is ea an Bord um Chur Chun Cinn na Sábháilteachta Bia (an Bord), a bunaíodh faoi Chomhaontú Bhéal Feirste an 2 Nollaig 1999. Is í reachtaíocht rialaithe an Bhoird Comhaontú na Breataine-na hÉireann agus an tOrdú um Chomhar Thuaidh-Theas (Comhlachtaí Feidhmiúcháin) 1999.

Bronnann an reachtaíocht rialaithe na feidhmeanna sainiúla seo a leanas:

Cur chun cinn na sábháilteachta bia

Taighde ar shábháilteacht bia

Rabhadh bia a chur in iúl

Faireachas ar ghalar bia-iompartha

Comhoibriú eolaíochta agus naisc idir saotharlanna a chur ar aghaidh

Áiseanna éifeachtachta ó thaobh costais a fhorbairt do thástáil speisialaithe saotharlainne

Le cois an mhéid thuas, tá sainordú ginearálta ag an mBord chun gníomhú mar fhoinse neamhspleách comhairle eolaíche.

## 3. Rialachas

An Príomhfheidhmeannach a chomhlíonann feidhmeanna an Bhhoird agus tuairiscíonn sé/sí don Chomhairle Aireachta Thuaidh/Theas (NSMC). Faigheann an Príomhfheidhmeannach cúnamh ó Bhord Comhairleach agus ó Choiste Comhairleach Eolaíochta. Ba iad baill an Bhoird Chomhairligh sa bhliain 2015:

Bord Comhairleach 2015
Mr. Paul Gibbons (Cathaoirleach)
Ms. Darina Allen (Leas-Chathaoirleach a d'éirigh as an 12 Nollaig)
Ms. Helen O Donnell (Leas-Chathaoirleach ceaptha an 13 Nollaig)
Ms. Julie Andrews
Mr. Thomas Burns
Mr. Brendan Kehoe
Mr. Alan McGrath
Ms. Hannah Su
Mr. Campbell Tweedie
Ms. Mary Upton
Mr. Edward Spelman (D'éirigh as an 12 Nollaig)
Ms. Jane Wells (D'éirigh as an 12 Nollaig)
Mr. Mervyn Oswald (Ceaptha an 13 Nollaig)
Ms. Margaret Jeffares (Ceaptha an 13 Nollaig)
Professor Dolores O'Riordan (Ceaptha an 13 Nollaig)

Tá Coiste Comhairleach ***safe*****food** comhdhéanta de 12 bhall ó raon leathan de na disciplíní agus saineolas éagsúil atá ar fáil sa dá dhlínse agus cuireann comhairle ar an gcoiste maidir leis na heolaíochtaí bia, an slabhra agraibhia, cothú sláinte poiblí, oideachas, iompar tomhaltóirí, cumarsáid agus gnóthaí pobail agus deonach.

## 4. Torthaí Airgeadais

Gheofar torthaí an Bhoird um Chur Chun Cinn na Sábháilteachta Bia leagtha amach ar leathanach 36. I 2015, thabhaigh an Bhord um Chur chun Cinn na Sábháilteachta Bia €8,966,383 (GBP£6,508,249) de chaiteachas agus fuarthas €8,964,117 (GBP£6,506,604) d'ioncam, as a lean €2,266 (GBP£1,645) d'easnamh don bhliain.

## 5. Imeachtaí Iar-Chlár Comhardaithe

Ní raibh aon imeacht iar-chlár comhardaithe ann.

## 6. Bronntanais Charthanúla

Ní bhfuarthas ná ní dhearnadh aon bhronntanas carthanúil i rith na bliana.

## 7. Beartais

Fostaithe Faoi Mhíchumas
Comhlíonann an Bord riachtanais Chuid den Acht Míchumais 2005 ó thaobh tacú le fostú daoine faoi mhíchumas agus geallann sé tacú i gcónaí le beartas comhdheiseanna agus cuirtear fáilte roimh iarratais ó iarratasóirí cuícháilithe beag beann ar mhíchumas. Eisíodh plean gníomhaíochta míchumais sa bhliain 2011 chun dearcthaí dearfa a chothú i leith daoine faoi mhíchumas agus a rannpháirtíochta sa saol poiblí a spreagadh.

Comhionannas
Eisíodh Scéim Chomhionannais faofa an Bhoird i Meán Fómhair 2011 agus tá athbhreithniú leanúnach á dhéanamh ag ***safe*****food.**

Soláthar Eolais d'Fhostaithe agus Dul i gComhairle Leo
Cuireadh Fóram Comhpháirtíochta Fostaithe i bhfeidhm le linn 2015 mar mhodh comhairliúcháin leis na fostaithe.

Beartas Íoc Pras agus feidhmíocht an bheartais

Geallann an Bord íoc go pras as earraí agus seirbhísí faighte, de reir an Acht um Íoc Pras Cuntas, 1997, a leasaíodh le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíochtaí Déanach in Idirbhearta Tráchtála) 2013 agus an UK Late Payment of Commercial Debts (Interest) Act, 1009, a leasaíodh leis na Late Payment of Commercial Debts Regulations, 2002. Mura ndeirtear a mhalairt sa chonradh, dlitear íocaíocht laistigh de 30 lá ó fháil na n-earraí nó na seirbhísí, nó ar sonrasc bailí nó éileamh dá shórt a bheith curtha isteach, cibé acu is déanaí. I 2015 íocadh 98% (2014: 93%) de na sonraisc uile laistigh de 30 lá.

### Beartas Sláinte & Sábháilteachta

Tá beartas Sláinte & Sábháilteachta i bhfeidhm ag an mBord, agus scaipeadh é ar gach fostaí. Léiríonn an beartas na riachtanais dlíthiúla ardchaighdeáin a choimeád ar fud na heagraíochta.

### 8. Forbairt Amach Anseo

Cheadaigh an Chomhairle Aireachta Thuaidh/Theas Straitéis Chorparáideach an Bhoird maidir leis na blianta 2014-2013 i mí Iúil 2011.

Leagtar amach sa stratéis sin misean, fís agus croí-luachanna an Bhoird agus an tslí a gcuirfidh an Bord gach ceann dá feidhmeanna i gcrích sa tréimhse thrí bliana. Déantar measúnú bliantúil ar an straitéis i bhfianaise an phlean ghnó bhliantúil.

Ba é €7,480,000 (GBP£5,236,000) an cistiú deontais a ceadaíodh do 2016. Ba é €7,480,000 (GBP£5,236,000) an caiteachas buiséadaithe do 2016.

## Ráiteas ar Fhreagrachtaí an Bhoird um Chur Chun Cinn na Sábháilteachta Bia (an Bord)

Tá ordú tugtha ag an Roinn Sláinte agus ag an Roinn Sláinte, Seirbhísí Sóisialta agus Sábháilteacht Phoiblí don Bhord um Chur Chun Cinn na Sábháilteachta Bia ráiteas cuntas a ullmhú maidir le gach bliain airgeadais san fhoirm agus ar an mbonn atá leagtha amach in ordú na gcuntas san aguisín leis na Cuntais seo. Ullmhaítear na Cuntais ar bhonn fabhraithe agus ní mór dóibh léiriú fírinneach cóir a thabhairt ar staid an Bhoird ag deireadh bliana agus ar ioncam agus caiteachas an Bhoird, ar na gnóthachain agus na caillteanais aitheanta iomlána agus ar na sreafaí airgid sa bhliain airgeadais.

Agus na cuntais á n-ullmhú, ceanglaítear ar an mBord:

Féachaint ar ordú na gcuntais atá eisithe ag an Roinn Sláinte (PÉ) agus an Roinn Sláinte (TÉ) (an Roinn Sláinte,

Seirbhísí Sóisialta agus Sláinte Phoiblí, tráth), lena n-áirítear na riachtanais ábhartha cuntasaíochta agus nochta, agus beartais chuntasaíochta

a chur i bhfeidhm ar bhonn seasmhach;

Breitheanna agus meastacháin a dhéanamh ar bhonn réasúnta;

A rá cibé ar cloíodh leis na caighdeáin chuntasaíochta is infheidhme agus aon imeacht ábhartha sna cuntais a nochtadh agus a mhíniú;

Na cuntais a ullmhú ar bonn gnóthais leantaigh, ach amháin más neamhchuí a cheapadh go leanfaidh an Bord dá ghnó.

### Freagrachtaí an Phríomhfheidhmeannaigh

Leagtar amach i Meamram Airgeadais an Chomhlachta freagrachtaí an phríomhfheidhmeannaigh, mar an Duine Freagrach maidir leis na mBord um Chur Chun Cinn na Sábháilteachta Bia, lena n-áirítear freagracht as oiriúnacht agus rialtacht an airgeadais phoiblí agus as taifid a choinneáil.

Raymond Dolan
Príomhfheidhmeannach
28 Meán Fómhair 2016

## Ráiteas ar an Rialú Inmheánach

### 1. Raon na Freagrachta

Mar an Duine Freagrach, tá sé de chúram ormsa córas fónta rialaithe inmheánaigh a choinneáil a thacaíonn le comhlíonadh spriocanna, aidhmeanna agus cuspóirí an Bhoird agus a chosnaíonn cistí poiblí agus sócmhainní na Roinne a bhfuil freagracht phearsanta ormsa ina dtaobh, ag an am céanna. Ní mór dom sin a dhéanamh de réir na bhfreagrachtaí a sannadh dom sna Managing Public Money Northern Ireland (MPMNI) and Public Finance Procedures.

Sainítear go cruinn i Meamram Airgeadais an Bhoird an struchtúr cruinn cuntasaíochta agus tuairiscithe, ina dtugtar gearrchuntas ar ról athbhreithnithe agus monatóireacht na gcomh-Ranna coimircíochta (an Roinn Sláinte, Seirbhísí Sóisialta agus Sábháilteacht Phoiblí (Thuaidh) agus an Roinn Sláinte (Theas). Lena chois sin, mar Phríomhoifigeach Cuntais, táim cuntasach do na coistí cuntas poiblí i ngach ceann den dá dhlínse.

### 2. Cuspóiri an Chórais Rialaithe Inmheánaigh

Dearadh an córas rialaithe inmheánaigh chun bainistíocht a dhéanamh ar riosca go leibhéal réasúnta seachas deireadh a chur le gach riosca nach mbainfear amach beartais, aidhmeanna agus cuspóirí; ní féidir leis mar sin ach dearbhú réasúnta agus ní dearbhú amach is amach a sholáthar. Bunaítear an córas rialaithe inmheánaigh ar phróiseas leanúnach a ceapadh chun na rioscaí nach mbainfí amach beartais, aidhmeanna agus cuspóirí an Bhoird a aithint agus a chur in ord tosaíochta, chun dóchúlacht gach riosca díobh sin agus an tionchar a bheadh acu dá dtitfidís amach a mheas, agus chun iad a bhainistiú go héifeachtach eacnamúil. Bhí an córas rialaithe inmheánaigh i bhfeidhm ag an mBord sa bhliain dar críoch an Dé Céadaoin 31 Nollaig 2014 agus suas go dtí dáta fhormheasta na Tuarascála Bliantúla agus na gCuntas, agus tá sé ar aon dul le treoir na Ranna Airgeadais.

### 3. An Cumas Chun Riosca a Láimhsiú

An Fhoireann Bhainistíochta Sinsearaí atá freagrach as an bpróiseas bainistíochta rioscaí a chur i bhfeidhm agus a mhaoirsiú faoi threoir uaimse chun a chinntiú go mbíonn an próiseas ag obair faoi mar is ceart. Le cois athbhreithniú a dhéanamh ar chreat iomlán na rioscaí, déantar athbhreithniú ar gach moladh a fhaightear ó na hiniúchóirí inmheánacha agus seachtracha, agus cuirtear leis na rialuithe nó tugtar rialuithe nua isteach de réir mar is gá.

Bítear ag súil go n-oibreoidh gach ball foirne laistigh de na beartais bhunaithe ar riosca agus ar rialú inmheánacha, agus cuirtear oiliúint chuí orthu ina fhianaise sin.

### 4. An Creat Riosca agus Rialaithe

Tá clárleabhar rioscaí agus maitrís measúnaithe riosca ceaptha ag an mBord. Aithnítear rioscaí ar an leibhéal bunúsach agus ar an leibhéal rialaithe ag an tráth a mbíonn pleananna agus straitéisí gnó á gcur i dtoll a chéile. Tá creat ceaptha ag an mBord maidir le heolas bainistíochta rialta, athbhreithniú ar athraitheas, agus nósanna imeachta riaracháin agus rialaithe (lena n-áirítear leithscaradh dualgas agus córas tarmligthe agus cuntasachta).

Áirítear air chomh maith:

Córais chuimsitheacha buiséadta agus an buiséad bliantúil le bheith faofa ag an bPríomhfheidhmeannach;

Nósanna imeacht chun na buiséid a athbhreithniú agus a aontú leis an bhFoireann Bainistíochta Sinsearaí; agus

Tuarascálacha rialta airgeadais a ullmhú mar bhonn le monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar dhul chun cinn.

Sa bhliain 2015 cabhair ab ea tuairimí na nIniúchóirí Inmheánacha agus Seachtracha agus Choiste Iniúchóireachta an Bhoird Chomhairligh agus an creat riosca agus rialaithe á athbhreithniú.

### 5. Athbhreithniú ar Éifeachtúlacht

I mo cháil mar an Duine Freagrach, táim freagrach as athbhreithniú a dhéanamh ar a éifeachtaí atá an córas rialaithe inmheánaigh. Is éard a bhíonn mar bhonn eolais faoin athbhreithniú a dhéanaim ar an gcóras rialaithe inmheánaigh obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus na mbainisteoirí feidhmiúcháin a bhfuil sé de chúram orthu an creat rialaithe inmheánaigh a cheapadh agus a chothabháil, agus tuairimí a dhéanann na hiniúchóirí seachtracha ina litir don bhainistíocht agus tuarascálacha eile. Tá plean i bhfeidhm chun díriú ar laigeí agus a chinntiú go mbeidh an córas ag dul i bhfeabhas i gcónaí.

Seo a leanas na gníomhaíochtaí a thacaíonn leis an athbhreithniú ar éifeachtacht:

D'athbhreithnigh an Fhoireann Bhainistíochta Sinsearaí an Buiséad Bliantúil a d'fhaomh na Ranna Coimircíochta, go háirithe aon imeacht ó ghníomhaíocht bheartaithe; agus

Coimeádadh an creat um bainistíocht riosca faoi athbhreithniú leanúnach agus cuireadh clárleabhar riosca nuashonraithe faoi bhráid Choiste Iniúchóireachta an Bhoird

Chomhairligh;

Rinne na hIniúchóirí Inmheánacha athbhreithniú sa bhliain 2015 ar na Rialuithe Inmheánacha Airgeadais a bhí i bhfeidhm i mbliain airgeadais 2015.

**Raymond Dolan**
**Príomhfheidhmeannach**
28 Meán Fómhair 2016

# Deimhniú na nArd-Reachtairí Cuntas agus Ciste chuig Comhdháil Thuaisceart Éireann agus chuig Tithe an Oireachais

Tá iniúchadh déanta againn ar chuntais an Bhoird um Chur Chun Cinn na Sábháilteachta Bia ('an Comhlacht') don bhliain dar críoch an

31 Nollaig 2011 de bhun fhorálacha an Ordaithe um Chomhar Thuaidh/Theas (Comhlachtaí Feidhmiúcháin) (Tuaisceart Éireann) 1999 agus an Acht Chomhaontú na Breataine - na hÉireann 1999 a cheanglaíonn iniúchadh agus deimhniú a dhéanamh i gcomhar ar na cuntais a chuirtear inár láthair ag an gComhlacht. Tá na cuntais comhdhéanta den Chuntas Ioncaim agus Caiteachais, Ráiteas ar na Gnóthachain agus na Caillteanais Iomlána Aitheanta, an Clár Comhardaithe, an Ráiteas ar an Sreabhadh Airgid agus na nótaí agus aguisíní gaolmhara. Ullmhaíodh na cuntais sin de réir na mbeartas cuntasaíochta atá leagtha amach laistigh dóibh.

## Freagrachtaí faoi seach an Chomhlachta, an Phríomhfheidhmeannaigh agus na nIniúchóirí

